

GNÍOMHARTHA na nASPAL

Orduithe Deireanacha Íosa dá Dheisceabail

1 Thug mé cuntas cheana, a Theofail, ar gach a ndearna Íosa agus ar ar thug sé de theagasc uaidh ó thús ²go dtí an lá a tógadh suas ar neamh é, tar éis dó a chuid orduithe a thabhairt le cabhair an Spioraid Naoimh do na haspail a bhí tofa aige. ³I ndiaidh a pháise is iomaí cruthú a thug sé dóibh go raibh sé beo, á nochtadh féin dóibh ar feadh daichead lá agus ag cur síos ar ríocht Dé. ⁴Uair dá raibh sé ina gcuibhreann d'ordaigh sé dóibh gan corraí ó Iarúsailéim ach fanacht ann go dtí go gcomhlíonfaí gealltanais an Athar, “An gealltanais úd,” ar sé, “ar chuala sibh mé ag trácht air: ⁵rinne Eoin baisteadh le huisce, ach déanfar sibhse a bhaisteadh leis an Spiorad Naomh i gceann beagán laethanta.”

⁶Más ea, nuair a bhí siad cruinnithe le chéile, thosaigh siad á cheistiú: “A Thiarna,” ar siad, “an anois atá tú chun ríocht Iosrael a athbhunú?” ⁷Ach d'fhreagair sé iad: “Ní aon chuid de bhur ngnósa é eolas a fháil ar na hamanna na ar na tráthanna atá leagtha amach ag an Athair as a údarás féin. ⁸Ach gheobhaidh sibh neart an Spioraid Naoimh atá le tuirlingt oraibh agus beidh sibh in bhur bhfinnéithe ormsa in Iarúsailéim agus ar fud Iúdáia go léir agus na Samáire agus a fhad le himeall an domhain.”



An Deascabháil

⁹Ar rá an méid sin dó, tógadh suas os comhair a súl é agus d'ardaigh scamall as a radharc é. ¹⁰Fad a bhí siad ag stánadh in airde sa spéir ina dhiaidh sheas beirt fhear in éadaí bána ina n-aice. ¹¹“A fheara na Gailíle,” ar siad, “cad ab áil libh in bhur seasamh ansin ag amharc in airde sa spéir? An Íosa seo a tógadh suas ar neamh uaibh, tiocfaidh sé an tslí chéanna ina bhfaca sibh ag dul suas é.”

¹²Ar ais leo ansin go Iarúsailéim ó Chnoc na nOlóg mar a thugtar air, cnoc atá i ngiorracht siúl lá sabóide do Iarúsailéim. ¹³Nuair a shroich siad an chathair chuaigh siad in airde go dtí an seomra uachtarach mar a raibh siad ag baint fúthu: bhí Peadar ann, Eoin agus Séamas, Aindrias, Pilib agus Tomás, Parthalán, Matha agus Séamas Alfáias, Síomón Díograiseach agus Iúdás Shéamais. ¹⁴Lean siadsan go léir ag guí gan staonadh le chéile mar aon le mná áirithe agus le Muire máthair Íosa agus lena bhráithre.

Maitias á Thoghadh ina Aspal

¹⁵Lá de na laethanta sin, nuair a bhí tuairim is céad agus fiche duine de shlua le chéile ann, d'éirigh Peadar ina sheasamh os a gcomhair: ¹⁶“A bhráithre,” ar sé, “níorbh fholáir an tuar a theacht faoin tairngreacht úd a labhair an Spiorad Naomh sa scríoptúr trí bhéal Dháiví faoi Iúdás, an fear a rinne eolas na slí dóibh siúd a ghabh Íosa, ¹⁷tar éis dó bheith ar aon bhuíon linne agus páirt a fháil sa chúram seo.”



¹⁸Mar is eol daoibh cheannaigh an fear seo gort ar luach a choirpeachta, ach thit sé i ndiaidh a chinn, phléasc ina lár agus bhrúcht a inní go léir amach. ¹⁹Fuair muintir Iarúsailéim ar fad eolas an scéil, agus dá chionn sin tugadh Haicealdamach mar ainm ar an ngort sin ina dteanga féin, is é sin le rá, “Gort na Fola”.

²⁰“Mar atá scríofa i leabhar na Salm: ‘Go raibh a áitreabh ina fhásach, agus gan aoinneach ina chónaí ann.’ Agus: ‘Tógadh duine eile a fheidhmeannas.’

²¹“Ní foláir, dá bhrí sin, do dhuine acu siúd a bhí ar aon bhuíon linne fad a bhí an Thiarna Íosa ag siúl inar measc, ²²ón uair a bhí Eoin ag baisteadh go dtí an lá úd a tógadh suas uainn é, ní foláir do dhuine acu siúd a bheith ina fhinné linn ar a aiséirí.”

²³Chuir siad beirt ar aghaidh: Íosaef dá ngoirtí Barsabas agus dar chomhainm Iústas, agus Maitias. ²⁴Agus rinne siad guí mar seo: “A Thiarna,” ar siad, “ós tú a léann croí an uile dhuine, taispeáin dúinn cé acu den bheirt seo atá tofa agat ²⁵chun dul i mbun an chúraim aspalda seo ar thréig Iúdás é chun dul ina áit féin.” ²⁶Agus chuir siad ar chrainn é agus thit an crann ar Mhaitias agus airíodh ar an [dáréag] aspal é.

Teacht an Spioraid Naoimh

2Nuair a tháinig Lá Cincise bhí siad go léir le chéile ar aon láthair. ²Agus de phreib tháinig glór ón spéir mar a bheadh séideán gaoithe móire agus líon sé an teach ar fad ina raibh siad ina suí. ³Agus chonacthas dóibh mar bheadh teangacha tine ag scaradh ó chéile nó gur shuigh an tine ar gach duine acu; ⁴agus líonadh iad go léir den Spiorad



Naomh agus thosaigh siad ag labhairt i dteangacha difriúla de réir mar thug an Spiorad urlabhra dóibh.

⁵Bhí Giúdaigh dhiaganta ó gach cine faoin spéir ag cur fúthu in Iarúsailéim ⁶agus nuair a chualathas an glor úd chruinnigh an slua agus iad ar mearbhall de bhrí gur chuala gach duine a theanga féin á labhairt acusan. ⁷Bhí ionadh agus alltacht orthu: “Féach,” ar siad, “nach Gailflich iad seo go léir atá ag caint?” ⁸Conas a tharlaíonn go gcloiseann gach duine againne iad ag labhairt inár dteanga dhúchais féin? ⁹Táimid Pairtigh ann agus Méidigh agus Eilimítigh, áitritheoirí na Measpatáime agus Iúdáia agus Chapadóise, agus Phontais agus na hÁise, ¹⁰Frigia agus Paimfíle, áitritheoirí na hÉigipte agus chríocha na Libia thart faoi Chuiréiné, cuairteoirí ón Róimh ¹¹idir Ghiúdaigh agus iompaithigh, Créitigh agus Arabaigh, agus cloisimid iad seo ag cur síos inár dteangacha féin ar éachtaí Dé.”

¹²Bhí alltacht agus mearbhall orthu go léir agus deiridís le chéile: “Cad is ciall leis seo?” ¹³Ach is é a deireadh cuid eile acu le teann fonóide: “Lán d’fhíon úr atá siadsan.”

Aitheasc Pheadair

¹⁴Ansin d’éirigh Peadar ina sheasamh i gcuideachta an Aon Duine Dhéag agus labhair leo de ghuth ard:

“A fheara Iúdá,” ar seisean, “agus a mhuintir uile Iarúsailéim, bíodh a fhios agaibh é seo agus tugaigí cluas dá bhfuil á rá agamsa: ¹⁵Ní ar meisce atá na daoine seo mar is dóigh libhse, mar nach bhfuil sé ach a naoi a chlog ar maidin. ¹⁶Ní hea, ach is é seo an ní ar thrácht Ióéil fáidh air:



¹⁷ ‘Tarlóidh sna laethanta deireanacha,’

arsa an Tiarna,

‘go ndoirtfidh mé amach mo spiorad ar an uile dhuine,

agus déanfaidh bhur gclann mhac agus bhur n-iníonacha tairngreacht.

Feicfidh bhur bhfir óga aislingí,

agus déanfar taibhreamh do bhur seanóirí.

¹⁸ Doirtfidh mé mo Spiorad sna laethanta sin

fiú amháin ar m’óglaigh agus ar mo bhanóglaigh,

agus déanfaidh siad tairngreacht.

¹⁹ Déanfaidh mé éachtaí sa spéir in airde

agus iontais ar an talamh thíos.

Beidh fuil ann agus tine agus gal deataigh.

²⁰ Iompóidh an ghrian ina dorchadas

agus an ghealach ina fuil,

sula dtiocfaidh lá mór taibhseach an Tiarna.

²¹ Ach cibé duine a ghlaofaídh ar ainm an Tiarna,

slánófar é.’

²²“A fheara Iosrael, éistigí leis na briathra seo: Fear ab ea Íosa Nazórach ar thug Dia féin teastas daoibh air leis na míorúiltí agus na héachtaí agus na fearta a rinne Dia tríd fad a bhí sé in bhur measc, mar is eol daoibh féin. ²³ Nuair a tugadh suas daoibh é de réir chomhairle cinnte agus réamheolas Dé, chuir sibh chun báis é, á thairneáil ar an gcrois trí lámha mallaitheoirí. ²⁴ Ach thóg Dia ó na mairbh é agus d’fhuascail ó arraingeacha an



bháis é, mar níorbh fhéidir go gcoinneodh an bás faoina smacht é. Mar is é a deir Dáiví faoi:

²⁵“Choinnigh mé mo shúile ar an Tiarna de shíor.

Tá sé ar mo dheasláimh, i dtreo nach suaithfear mé.

²⁶Tá gliondar ar mo chroí dá chionn agus tá meidhir ar mo theanga.

Tá mo cholainn féin faoi shuaimhneas le dóchas,

²⁷mar ní fhágfaidh tú mé i riocht na marbh ná ní ligfidh tú do do neach naofa an meathlú a fhulaingt.

²⁸Thaispeáin tú dom bóthar na beatha agus líonfaidh tú mé le háthas i do láthair.

²⁹“Ní miste a rá libh go neamhbhalbh, a bhráithre, go bhfuair ár n-ardathair Dáiví bás, gur adhlacadh é agus go bhfuil a thuama anseo againn go dtí an lá inniu. ³⁰Ach ó tharla gurbh fháidh é agus a fhios aige gur mhionnaigh Dia dó go gcuirfeadh sé duine dá shliocht ar a ríchathaoir, ³¹is ag cur síos a bhí sé, as a réamheolas, ar aiséirí Chríost mar ‘níor fágadh i riocht na marbh é agus níor fhulaing a cholainn an meathlú’. ³²Thóg Dia an Íosa seo ó mhairbh, rud a bhfuilimidne go léir inár bhfinnéithe air. ³³Agus tar éis a ardaithe ar dheis Dé, fuair sé óna Athair an Spiorad a bhí geallta agus dhoirt amach orainne é agus is é sin atá á fheiceáil agus á chloisteáil agaibhse. ³⁴Ní dheachaigh Dáiví féin suas ar neamh ach deir sé:

‘Dúirt an Tiarna le mo Thiarna:
Suigh ar mo dheis,



³⁵ go gcuirfidh mé do naimhde mar stól faoi do chosa.’

³⁶“Más ea, bíodh a fhios go dearfa ag teaghlach Iosrael ar fad go ndearna Dia Tiarna agus Meisias den Íosa seo a chéas sibhse ar chrois.”

³⁷Chuaigh an chaint sin go dtí an croí iontu agus dúirt siad le Peadar agus leis na haspail eile: “Cad atá le déanamh againn, a bhráithre?” ³⁸ Agus d’fhreagair Peadar iad: “Déanaigí aithrí,” ar seisean, “déantar gach duine agaibh a bhaisteadh in ainm Íosa Críost chun maithiúnas na bpeacaí agus glacfaidh sibh tabhartas an Spioraid Naoimh; ³⁹ mar is daoibhse agus do bhur gclann atá an gealltanais úd agus dóibh siúd freisin atá i bhfad ar shiúl – don uile dhuine dá nglaofaidh ár nDia chuige.”

⁴⁰Rinne sé mórán eile cainte ag áiteamh leo agus ag tathant orthu: “Sabháiligí sibh féin,” ar seisean leo, “ón nglúin chlaon seo.” ⁴¹ An méid díobh a ghlac lena theachtaireacht, baisteadh iad agus cuireadh tuairim is trí mhíle duine lena líon an lá sin.

⁴² Agus chloígh siad go daingean le teagasc na n-aspal, le comaoin ar a chéile, le briseadh an aráin agus leis na hurnaithe.

Na Críostaithe i gComhar le Chéile

⁴³ Is iomaí míorúilt agus éacht a bhí á dhéanamh ag na haspail, rud a chuir uamhan ar chách. ⁴⁴ Bhí na creidmhigh go léir in aon bhuíon le chéile agus bhí gach ní i bpáirt acu; ⁴⁵ dhíolaidís a gcuid sealúchais agus a gcuid maoiné agus roinnidís a luach ar chách de réir mar a bhíodh aon duine acu ar an gcaolchuid. ⁴⁶ Thagaidís le chéile in aon bhuíon sa Teampall gach lá ach bhrisidís arán i dtithe a chéile agus chaithidís a gcuid le chéile le



móráthas agus le sástacht chroí⁴⁷ agus iad ag moladh Dé. Agus bhí gnaoi an phobail orthu. Agus ó lá go lá bhí an Tiarna ag cur le líon na ndaoine a bhí ar bhealach a slánaithe.

Mair tíneach á Leigheas

3 Bhí Peadar agus Eoin lá ag dul suas chun an Teampaill i gcomhair urnaithe an tráthnóna² agus bhí fear á iompar ann a bhí ina mhairtíneach as broinn a mháthar agus shínidís gach lá é ag geata an Teampaill, ag an nGeata Álainn mar a thugtaí air, chun déirc a iarraidh ar an muintir a bhíodh ag dul isteach sa Teampall.³ Nuair a chonaic sé Peadar agus Eoin ar tí dul isteach, d'iarr sé déirc orthu.⁴ Stán Peadar air agus Eoin chomh maith. “Féach orainn,” arsa Peadar leis,⁵ agus d'fhéach sé orthu go daingean le súil go bhfaigheadh sé rud éigin uathu.⁶ Ach dúirt Peadar leis: “Níl ór ná airgead agam, ach an ní atá agam bronnam ort é: in ainm Íosa Críost an Nazórach, siúil.”⁷ Leis sin rug sé ar láimh dheas air agus thóg aníos é. Ar an mball tháinig lúth sna cosa agus sna hailt aige,⁸ léim sé ina sheasamh agus chrom sé ar shiúl, agus isteach leis sa Teampall in éineacht leo, ag siúl agus ag léimneach agus ag moladh Dé.⁹ Thug an pobal go léir faoi deara é ag léimneach agus ag moladh Dé¹⁰ agus nuair a d'aithin siad gurbh é an fear a bhíodh ina shuí ag Geata Álainn an Teampaill é, ghabh ionadh agus alltacht iad faoinar tharla dó.



Aitheasc Pheadair

¹¹Choinnigh an fear greim ar Pheadar agus ar Eoin agus rith an slua go léir chucu i bPóirse Sholaimh mar a thugtar air, agus uafás orthu. ¹²Ar fheiceáil seo do Pheadar labhair sé leis an slua: “A fheara Iosrael,” ar seisean, “cad chuige a bhfuil sibh ag déanamh iontais de seo? Nó cad chuige a bhfuil sibh ag stánadh orainne amhail is dá mba dár gcumhacht féin nó dár gcráifeacht féin a thugamar siúl don fhear seo?” ¹³Ní hea sin ach gur thug Dia Abrahám, Dia Íosác, Dia Iacóib, Dia ár n-aithreacha an ghlóir dhiaga dá sheirbhíseach Íosa, an té sin ar thug sibhse ar láimh é agus ar shéan sibh i bhfianaise Phioláit é agus eisean meáite ar é a scaoileadh saor. ¹⁴Sea, shéan sibh an té a bhí naofa fíréan agus d’iarr sibh go scaoilfí saor chugaibh dúnmharfóir. ¹⁵Chuir sibh taoiseach na beatha chun báis! Thóg Dia ó mhairbh é, áfach, rud a bhfuilimidne go léir inár bhfinnéithe air.

¹⁶“Is é an t-ainm sin Íosa agus an creideamh atá againne ann a thug a lúth agus a neart don fhear seo a fheiceann sibh os bhur gcomhair agus a bhfuil aithne agaibh air. Is é an creideamh úd, a thagann trí Íosa, a d’fhág an fear seo slán folláin in bhur bhfianaise uile.

¹⁷“Anois, a bhráithre, tá a fhios agam gur le barr aineolais a rinne sibh na nithe sin agus bhur gcinn urra mar an gcéanna. ¹⁸Ar an gcuma sin is ea a thug Dia chun críche an rud úd a bhí réamhfhógartha aige trí bhéal na bhfáithe uile: nárbh fholáir dá Mheisias an pháis a fhulaingt. ¹⁹Déanaigí aithrí dá bhrí sin agus iompaigí chun Dé chun go nglanfar díbh bhur bpeacaí, ²⁰nó go dtiocfaidh tréimhse an fhaoisimh chugaibh ó láthair an Tiarna agus go seolfaidh sé chugaibh Íosa, an Meisias atá in áirithe aige daoibh. ²¹Mar ní mór do



na flaithis é a choinneáil go dtí go mbeidh gach ní curtha ina cheart arís faoi mar a d'fhógair Dia trí bhéal na bhfáithe naofa fadó. ²²Is é a dúirt Maois, mar shampla: ‘Ardóidh an Tiarna bhur nDia fáidh daoibh ó lár bhur mbráithre féin, faoi mar a d’ardaigh sé mise. Éistigí le gach ní dá ndéarfaidh sé sin libh. ²³Duine ar bith nach n-éisteoidh leis an bhfáidh sin, díisceofar as an bpobal é.’ ²⁴Gach fáidh dár labhair libh ó Shamúéil anuas, d’fhógair sé na laethanta seo. ²⁵Is sibhse oidhrí na bhfáithe agus oidhrí an chonartha a rinne Dia le bhur n-aithreacha nuair a dúirt sé le hAbrahám: ‘Gach cine ar talamh, beannófar é i do shliochtsa.’ ²⁶Nuair a thóg Dia a sheirbhíseach is chugaibhse is túisce a chuir sé é chun go mbeannódh sé sibh trí gach duine agaibh a iompú óna chuid urchóide.”

Peadar agus Eoin á nGabháil

4 Fad a bhí siad ag caint leis an slua, tháinig na sagairt agus ceannfort an Teampaill agus na Sadúcaigh suas chucu ²agus olc orthu i dtaobh iad a bheith ag múineadh an phobail agus ag fógairt aiséirí na marbh i [bpearsa] Íosa. ³Ghabh siad Peadar agus Eoin agus chuir i bpríosún iad go dtí an lá arna mhárach, mar bhí sé ina thráthnóna faoin am seo. ⁴Mórán dá raibh ag éisteacht leis an teachtaireacht, áfach, chreid siad, agus bhí tuairim is cúig mhíle fear acu ann.



Iad á dTabhairt os comhair na Sainidríne

⁵Lá arna mhárach bhailigh ceannairí na nGiúdach agus na seanóirí agus na scríobhaithe le chéile in Iarúsailéim. ⁶Bhí Annas ardsagart ann, agus Cáiafas agus Eoin agus Alastar agus iad siúd a bhain leis an sliocht ardsagartúil.

Caint Pheadair

⁷Chuir siad na haspail ina seasamh i lár baill agus rinne siad iad a cheistiú: “Cén chumhacht,” ar siad, “nó cén t-ainm lena ndearna sibh an ní seo?” ⁸Ansin d’fhreagair Peadar iad agus é lán den Spiorad Naomh: “A cheannairí an phobail,” ar seisean, “agus a sheanóirí, ⁹más mar gheall ar mhaith a dhéanamh do dhuine easlán atáimidne dár scrúdú inniu agus mar gheall ar an tslí inar leigheasadh é, ¹⁰bíodh a fhios agaibhse go léir agus ag pobal Iosrael ar fad gur in ainm Íosa Críost Nazórach – an fear a chéas sibhse ar chrois ach ar thóg Dia ó mhairbh é – gur ina ainm sin atá an duine seo ina sheasamh os bhur gcomhair ina shláinte. ¹¹Is é seo ‘an chloch dar dhiúltaigh sibhse, na saoir, agus a ndearnadh di ceann an chúinne,’ ¹²níl slánú le fáil i nduine ar bith eile mar níl aon ainm eile faoin spéir dár tugadh do dhaoine lena dtig linn slánú a bhaint amach.”

¹³Nuair a chonaic siadsan a dhánacht a bhí Peadar agus Eoin agus nuair a thug siad faoi deara nach raibh iontu ach gháthdhaoine gan léann, bhí an dubhiontas orthu. D’aithin siad ansin gur chomrádaithe d’Íosa ba ea iad. ¹⁴Ach ag breathnú dóibh ar an bhfear a leigheasadh agus é ina sheasamh láimh leo ní raibh aon fhreagra acu orthu. ¹⁵Mar sin de,



d'ordaigh siad dóibh dul amach as halla na sainidríne agus chuaigh siad féin i gcomhairle le chéile. ¹⁶“Cad a dhéanfaimid leis na daoine seo?” ar siad. “Tá míorúilt shuntasach déanta acu, rud is follas d'áitritheoirí Iarúsailéim ar fad, agus ní féidir dúinne é a shéanadh. ¹⁷Ach i dtreo nach leathfadh an scéal seo níos mó i measc an phobail, déanaimis bagairt orthu gan labhairt go deo arís faoin duine seo le neach ar bith.”

¹⁸Ghlaoigh siad chucu ansin iad agus thug foláireamh dóibh gan caint ná teagasc a dhéanamh ar chor ar bith in ainm Íosa. ¹⁹D'fhreagair Peadar agus Eoin iad, áfach: “Fágaimid fúibh féin a mheas,” ar siad, “cé acu is córa dúinn i bhfianaise Dé, rud a dhéanamh oraibhse nó ar Dhia. ²⁰Mar ní féidir dúinn gan labhairt ar a bhfuil feicthe agus cloiste againn.”

²¹Tar éis dóibh bagairt eile a dhéanamh orthu scaoil siad saor iad mar nach raibh aon dul acu ar iad a smachtú mar gheall ar an bpobal, de bhrí go raibh gach aon duine ag moladh Dé as an ní a bhí tite amach. ²²An fear ar tharla an mhíorúilt leighis seo dó, bhí sé os cionn daichead bliain d'aois.

Na Críostaithe ag Guí

²³Tar éis a scaoilte chuaigh siad go dtí a muintir féin agus thug tuairisc dóibh ar gach ní dá ndúirt na hardsagairt agus na seanóirí leo. ²⁴Ar chlos an scéil dóibhsean ghuigh siad os ard d'aonghuth chun Dé. “A Mháistir,” ar siad, “is tusa a rinne neamh agus talamh agus an mhuir agus gach a bhfuil iontu. ²⁵Is tú a dúirt tríd an Spiorad Naomh, trí bhéal do sheirbhísigh, ár n-athair Dáiví:



‘Cad ab áil leis na ciníocha bheith ar buile le feirg?

Cad ab áil leis na náisiúin nithe baotha a bheartú?

²⁶ Chuaigh ríthe an domhain in ordú catha agus na flatha i gcomhcheangal le chéile in éadan an Tiarna agus a Ungthaigh.’

²⁷ “Is ea go deimhin, chuaigh Héaród agus Pointias Píoláit mar aon leis na ciníocha agus le pobal Iosrael i gcomhcheangal le chéile sa chathair seo féin in aghaidh do sheirbhísigh naofa, Íosa, tar éis duitse é a unghadh, ²⁸ agus rinne siad an ní a bhí ceaptha agatsa a thitim amach le do chumhacht agus le do chomhairle féin. ²⁹ Agus anois, a Thiarna, tabhair do d’aire a gcuid bagartha agus deonaigh do do sheirbhísigh do theachtaireacht a fhógairt go seasmhach dána. ³⁰ Síin amach do dheaslámh chun leigheas agus míorúiltí agus éachtaí a dhéanamh in ainm do sheirbhísigh naofa, Íosa.”

³¹ Níor thúisce an phaidir sin ráite acu ná chrith an áit ina raibh siad cruinnithe; líonadh iad go léir den Spiorad Naomh agus thosaigh siad ag fógairt teachtaireacht Dé go teann dána.

Cómhain

³² Bhí buíon na gcreidmheach ar aon aigne agus ar aon intinn le chéile. Ní deireadh aon duine acu liom ná leat faoina chuid maoine mar bhí gach ní i bpáirt acu. ³³ Bhí na haspail go lándícheallach ag tabhairt fianaise ar aiséirí Chríost agus bhí grásta Dé go fras orthu uile. ³⁴ Agus ní raibh duine ar bith acu ar an ngannchuid: iad siúd a raibh talamh nó tithe acu, dhíolaidís amach iad ³⁵ agus thugaidís suas a luach do na haspail agus roinntí amach



ar chách é de réir mar bhíodh sé ina ghá. ³⁶Cuirim i gcás bhí gort ag Léivíteach ón gCipir darbh ainm Iósaef – Barnabas a thugadh na haspail air, ainm a chiallaíonn “Mac an tSóláis”. ³⁷Dhíol sé an gort, rug leis an luach agus thug suas do na haspail é.

Anainias agus Saifíre

5 Ach bhí fear ann darbh ainm Anainias, é féin agus a bhean Saifíre. Dhíol sé a ghabhálas ²agus, i bhfios dá bhean, choinnigh sé cuid den luach aige féin agus níor thug ach cuid de suas do na haspail. ³Labhair Peadar leis: “A Anainias,” ar seisean, “cén fáth ar líon Sátan do chroí sa chaoi gur inis tú bréag don Spiorad Naomh agus cuid de luach na feirme a choinneáil agat féin. ⁴Fad a bhí an talamh i do sheilbh, nár leat féin é? Agus tar éis duit é a dhíol nach raibh a luach faoi do réir agat? Cad ab áil leat an rud seo a bheartú i do chroí? Ní do dhaoine a thug tú an t-éitheach ach do Dhia.”

⁵Ní luaithe an chaint sin cloiste ag Anainias ná thit sé marbh. Agus tháinig uamhan ar a raibh ag éisteacht. ⁶Ansinn d'éirigh na hógánaigh ina seasamh, chóirigh siad an corp, d'iompair amach é agus rinne é a adhlacadh.

⁷Timpeall trí huaire a chloig ina dhiaidh sin tháinig an bhean isteach agus gan a fhios aici cad a bhí tite amach. ⁸Labhair Peadar léi: “Inis dom,” ar seisean, “an é seo an méid a fuair sibh ar an talamh?” “Is ea,” ar sise, “sin an méid.” ⁹“Cad a thug oraibh,” arsa Peadar léi, “socrú le chéile ar thriail a bhaint as Spiorad an Tiarna? Féach, sin iad ag an doras coiscéimeanna na ndaoine atá tar éis d'fhear a adhlacadh agus ardóidh siad thusa chomh maith.” ¹⁰Agus thit sí marbh ar lár ag a chosa ar an toirt. Ar theacht isteach do na



hógánaigh fuair siad marbh í agus d'ardaigh siad amach í gur adhlaic siad i taobh lena fear. ¹¹Tháinig uamhan ar an Eaglais go léir agus ar gach duine a chuala an scéal.

Míorúiltí

¹²Bhí mórán míorúiltí agus éachtaí á ndéanamh ag na haspail i measc an phobail. Chruinnídís de thoil a chéile i bPóirse Sholaimh ¹³ach ní leomhfhadh duine ar bith eile dul i bpáirt leo. Mar sin féin bhí ardmholadh ag an ngnáthphobal orthu, ¹⁴agus bhí líon na bhfear agus na mban a chreid sa Tiarna ag dul i mbreis i gcónaí ¹⁵sa tslí go mbíodh na hothair á dtabhairt amach ar na sráideanna acu agus á síneadh ar réleapacha agus ar shráideoga le súil, nuair a bheadh Peadar ag gabháil thar bráid, go luífeadh a scáil féin ar dhuine éigin acu. ¹⁶Thagadh na sluaite freisin ó na bailte mórthimpeall Iarúsailéim, ag tabhairt othar leo agus daoine a bhíodh á gciapadh ag spioraid neamhghlana, agus leigheastaí gach duine acu.

Na hAspail á nGabháil

¹⁷Ansin chuir an t-ardsagart chun oibre, é féin agus a pháirtithe go léir d'aicme na Sadúcach. ¹⁸Le teann éada rinne said na haspail a ghabháil agus a chur sa phríosún poiblí. ¹⁹Ach i rith na hoíche d'oscail aingeal an Tiarna geataí an phríosúin agus lig amach iad, á rá leo ²⁰: imeacht agus seasamh sa Teampall agus faisnéis iomlán a thabhairt don phobal ar



an mbeatha seo. ²¹Rinne siad rud air: chuaigh siad isteach sa Teampall le breacadh an lae agus chrom ar theagasc.

Tháinig an t-ardsagart agus a bhuíon, thionóil siad an tsainidrín – is é sin, seanad iomlán chlann Iosrael – agus chuir siad scéala chun an phríosúin na haspail a thabhairt i láthair. ²²Ach nuair a shroich na feidhmeannaigh an príosún ní bhfuair siad ann iad, agus ar dhul ar ais dóibh, d’inis siad an scéal: ²³“Fuaireamar an príosún go daingean faoi ghlas,” ar siad, “bhí gardaí ina seasamh ag na geataí ach ar oscailt na ngeataí dúinn, ní bhfuaireamar duine ar bith istigh.”

²⁴Nuair a chuala ceannfort an Teampaill agus na hardsagairt an scéal seo, ní fhéadfaidís a thuiscint cad a bhí tite amach dóibh. ²⁵Leis sin tháinig duine ar an láthair le scéala: “Feach,” ar seisean, “na fir úd a chuir sibh i bpríosún, tá siad ina seasamh sa Teampall ag teagasc an phobail.” ²⁶Ansin d’imigh an ceannfort agus a chuid giollaí agus thug siad leo iad, gan aon lámh láidir, áfach, mar bhí eagla orthu roimh an bpobal, go gclochfaidís iad.

Os comhair na Sainidríne

²⁷Thug siad isteach iad agus chuir ina seasamh os comhair na sainidríne iad. Cheistigh an t-ardsagart iad: ²⁸“Thugamar ordú daingean daoibh,” ar seisean, “gan teagasc a dhéanamh in ainm an duine seo, ach féach, tá Iarúsailéim líonta de bhur dteagasc agaibh. Agus is áil libh bás an duine seo a leagan orainne.”

²⁹D’fhreagair Peadar agus na haspail eile: “Is córa dúinn umhlú do Dhia ná do dhaoine. ³⁰Thóg Dia ár sinsear Íosa ó mhairbh tar éis daoibhse é a mharú, á chrochadh ar



chrann. ³¹D’ardaigh Dia ar a dheis féin é ina phrionsa agus ina shlánaitheoir chun aithrí agus maithiúnas peacaí a thabhairt d’Iosrael. ³²Is finnétithe ar na nithe sin sinne agus an Spiorad Naomh ar thug Dia é dóibh sin atá umhal dó.”

Comhairle Ghamailíeil

³³Arna chlos sin do mhuintir na sainidríne chuaigh siad chun báiní agus bhí fonn orthu iad a mharú. ³⁴Ach d’éirigh duine acu ina sheasamh sa tsainidrín, Fairisíneach darbh ainm Gamilíeil, máistir dlí a raibh meas ag an bpobal go léir air, agus d’iarr sé na fir a chur taobh amuigh den doras ar feadh tamaill. ³⁵Labhair sé ansin leo: “A fheara Iosrael,” ar seisean, “tugaigí aire céard a dhéanfaidh sibh leis na daoine seo. ³⁶Tamall ó shin tháinig Tiúdas chun cinn agus é á mhaíomh gur dhuine mór le rá é féin agus thaobhaigh suas le ceithre chéad fear leis. Ach maraíodh é agus scaipeadh a lucht leanúna nó go ndeachaigh siad ar neamhní. ³⁷Tháinig Iúdás Gailíleach chun cinn ina dhiaidh sin, aimsir an daonáirimh, agus mheall sé slua ina dhiaidh. Ach cailleadh eisean chomh maith agus scaipeadh a lucht leanúna go léir. ³⁸Agus is é a mholaim daoibhse anois, fanacht amach ó na daoine seo agus ligean dóibh. Más ó dhaoine an beart nó an obair seo, rachaidh sé ar neamhní; ³⁹ach más ó Dhia é ní bheidh ar bhur gcumas-sa iad seo a chur ar neamhní – agus b’fhéidir gur ag cur in aghaidh Dé a bheadh sibh.”

Rinne siad rud air: ⁴⁰chuir siad fios ar na haspail agus tar éis dóibh iad a sciúrsáil agus foláireamh a thabhairt dóibh gan labhairt in ainm Íosa, scaoil siad chun siúil iad.

⁴¹D’imigh siadsan leo ó láthair na sainidríne agus áthas orthu de chionn go mba fhiú le



Dia iad tarcaisne a fhulaingt ar son ainm Íosa. ⁴² Agus ní stadaidís ach ag teagasc gach lá, sa Teampall agus ó theach go teach, agus ag fógairt an dea-scéil gurbh é Íosa an Críost.

An Seachtar Cúntóirí

6 San am sin, nuair a bhí líon na ndeisceabal ag méadú, thosaigh na Heilléanaigh ag casaoid ar na hEabhraigh faoi go raibh faillí á dhéanamh ar a mbaintreacha féin sa fhriothálamh laethúil. ² Dá chionn sin ghlaoigh an dáréag chucu na deisceabail go léir in éineacht agus labhair leo: “Ní dóigh linn,” ar siad, “go mba cheart dúinne briathar Dé a fhágáil chun dul ag freastal ag boird. ³ Dá bhrí sin, a bhráithre, déanaigí seachtar fear creidiúnach agaibh féin a thoghadh, fir a bheidh lán den Spiorad agus den eagna, go gcuirfimis i mbun an chúraim seo. ⁴ Agus leanfaimidne den urnaí agus de sheirbhís an bhriathair.”

⁵ Bhí an slua iomlán sásta leis an moladh sin agus roghnaigh siad na daoine seo a leanas: Stiofán, fear a bhí lán de chreideamh agus den Spiorad Naomh, Pilib agus Prochonór, Níocanór agus Tiomón, Parmanas agus Nioclás, léivíteach ó Aintíoch. ⁶ Thug siad i láthair na n-aspal iad, agus tar éis dóibh sin urnaí a dhéanamh leag siad a lámha orthu.



Stiofán á Ghabháil agus á Chúiseamh

⁷De réir mar a leath briathar Dé, chuaigh líon na ndeisceabal in Iarúsailéim i méad as cuimse, agus ghlac buíon mhór de na sagairt féin leis an gcreideamh. ⁸Bhí Stiofán lán de ghrásta agus de chumhacht agus é ag déanamh éachtaí agus míorúiltí taibhseacha i measc an phobail. ⁹Bhí daoine áirithe de chuid “Sionagóg na Saorfhear” mar a thugtaí uirthi – daoine ó Chuiréiné agus ó Chathair Alastair, ón tSiléis agus ón Áise, agus thosaigh siad ag argóint le Stiofán ¹⁰ach ní raibh ar a gcumas aon cheart a bhaint dá chuid eagna ná den Spiorad lenar labhair sé. ¹¹Faoi dheireadh chuir siad suas daoine áirithe chun a rá gur chuala siad é ag labhairt go maslaitheach faoi Mhaois agus faoi Dhia. ¹²Ghríosaiigh siad an pobal agus na seanóirí agus na scríobhaithe; ansin rith siad faoina dhéin, ghreamaigh eatarthu é agus sheol chun na sainidríne é.

¹³Thug siad finnétithe bréige i láthair á rá: “Ní stadann an duine seo ach ag caint i gcoinne na háite naofa seo agus i gcoinne an dlí. ¹⁴Chualamar é á rá go ndéanfadh an Íosa Nazórach úd an áit seo a leagan ar lár agus na gnásanna a d’fhág Maois againn a athrú.”

¹⁵Bhí a raibh ina suí sa tsainidrínn ag faire go dlúth ar Stiofán agus thug siad faoi deara go raibh a ghnúis mar bheadh gnúis aingil.

7 Ansin d’fhiafraigh an t-ardsagart de: “An bhfuil seo amhlaidh?” D’fhreagair Stiofán:



Stiofán á Chosaint Féin

²“A bhráithre agus a aithreacha,” ar seisean, “éistigí liom. Thaispeáin Dia na Glóire é féin dár n-athair Abrahám nuair a bhí sé sa Mheaspatáim sula ndeachaigh sé chun cónaithe i gCáran ³ agus dúirt sé leis: ‘Fág do thír agus do mhuintir agus gluais leat chun na tíre a thaispeánfaidh mé duit.’ ⁴ Leis sin d’fhág sé Caildéa agus chuaigh chun cónaithe i gCáran. Agus tar éis bháis a athar, d’aistrigh Dia as sin é chun na tíre ina bhfuil sibhse in bhur gcónaí anois. ⁵ Níor thug Dia seilbh dó, áfach, ar oiread agus fód de thalamh na tíre: ach gheall sé go dtabharfadh sé dó é agus dá shliocht ina dhiaidh, siúd is nach raibh aon shliocht air san am. ⁶ Seo mar a labhair Dia: ‘Beidh do shliocht ar deoraíocht i dtír iasachta, agus cuirfear faoi dhaorsmacht agus faoi leatrom iad go ceann ceithre chéad bliain; ⁷ ach an cine a mbeidh siad faoi dhaoirse acu, tabharfaidh mé daorbhreith orthu,’ arsa an Tiarna, ‘agus ina dhiaidh sin tiocfaidh siad amach as an tír sin agus tabharfaidh ómós domsa san áit seo.’

⁸“Ansin rinne Dia conradh an timpeallghearrtha leis, agus mar sin nuair a rugadh Íosác, rinne Abrahám é a thimpeallghearradh ar an ochtú lá. Rinne Íosác an rud céanna le Iacób agus rinne Iacób é leis an dáréag uasalaithreacha. ⁹ Bhí éad ag na huasalaithreacha le Íosaef agus dhíol siad san Éigipt é. Ach bhí Dia leis ¹⁰ agus thug sé slán é ó gach gábhadh dá raibh i ndán dó, bhronn air grástúlacht agus eagna i bhfianaise Fhorainn, rí na hÉigipte, agus rinne ceannaire ar an Éigipt de agus ceann ar an teaghlach ríoga. ¹¹ Ansin tháinig gorta ar fud na hÉigipte agus ar fud Chanán. Lean cruatan mór é agus gan aon lón bia le fáil ag ár n-aithreacha. ¹² Nuair a chuala Iacób go raibh arbhar le fáil san Éigipt



chuir sé ár n-aithreacha ann don chéad uair. ¹³ Ar an dara turas nocht Iósaef é féin dá dheartháireacha agus fuair Forann fios céir díobh é Iósaef. ¹⁴ Ansin chuir Iósaef fios ar a athair, Iacób, agus ar an teaghlach go léir, cúig dhuine seachtód díobh san iomlán.

¹⁵ Chuaigh Iacób síos chun na hÉigipte, áit a bhfuair sé bás, é féin agus ár n-aithreacha.

¹⁶ Aistríodh a gcoirp go Seicim, áfach, agus cuireadh iad sa tuama úd a bhí ceannaithe ann ag Abrahám ar shuim airgid ó chlann Eamór i Seicim.

¹⁷ “Nuair a bhí an t-am ag teacht go gcomhlíonfaí an gealltanas a thug Dia d’Abrahám, bhí ár muintir san Éigipt dulta i méad agus i líonmhaireacht ¹⁸ nó gur tháinig rí i gcoróin ann nárbh aithnid dó Iósaef. ¹⁹ D’imir an rí seo calaois ar ár gcine. Rinne sé leatrom ar ár sinsir agus chuir d’fhiacha orthu a leanaí a chaitheamh amach i dtreo nach mairfidís.

²⁰ “Ag an am seo is ea a rugadh Maois. Ba an-chaitheamh an leanbh é agus oileadh ar feadh trí mhí i dteach a athar é ²¹ ach nuair a cuireadh amach é, thóg iníon Fhorainn é agus rinne sí é a oilíúint amhail is dá mba mhac léi féin é. ²² Múineadh eagna uile na nÉigipteach dó agus is é a bhí cumasach i mbriathar agus i ngníomh.

²³ “Bhí sé ag tarraingt ar an daichead nuair a bhuail an smaoinemh é dul ag fiosrú a mhuintire féin, clann Iosrael. ²⁴ Nuair a chonaic sé éagóir á dhéanamh ar dhuine acu, chuaigh sé á chosaint, threascair sé an tÉigipteach agus bhain díoltas amach don té a ndearnadh éagóir air. ²⁵ Mheas sé go dtuigfeadh a mhuintir gur á bhfuascailt a chuir Dia chucu é, ach níor thuig. ²⁶ Lá arna mhárach tháinig sé orthu agus iad ag bruíon le chéile agus nuair a d’fhéach sé le síocháin a dhéanamh eatarthu, á rá: ‘A fheara, nach bráithre sibh? Cad uime a bhfuil sibh ag déanamh éagóra ar a chéile?’ ²⁷ An fear a bhí ag déanamh na héagóra ar a chomharsa, bhrúigh sé Maois uaidh á rá: ‘Cé a cheap thusa i do cheann



urra agus i do bhreitheamh orainn? ²⁸ An mé a mharú is áil leat mar a mharaigh tú an tÉigipteach úd inné?’ ²⁹ Ar chlos na cainte sin do Mhaois, theith sé agus bhí sé ina dheoraí i Midián, áit ar ghin sé beirt mhac.

³⁰ ‘Daichead bliain ina dhiaidh sin thaispeáin aingeal an Tiarna é féin dó i lasair an toir i bhfásach Shliabh Shíonái. ³¹ Chuir an radharc ionadh ar Mhaois, agus nuair a dhruid sé in aice an toir á bhreithniú, tháinig guth an Tiarna chuige: ³² ‘Mise Dia do shinsear, Dia Abrahám agus Íosác agus Iacóib.’ Thosaigh Maois ar chrith agus ní leomhfadh sé breithniú air. ³³ Ansin labhair an Tiarna leis: ‘Bain díot do chuaráin,’ ar seisean, ‘mar is talamh naofa an ball ina bhfuil tú i do sheasamh. ³⁴ Tá drochíde mo phobail san Éigipt feicthe agam go dearfa – tá a gcuid osna cloiste agam agus tháinig mé á bhfuascailt. Agus seo anois, táim chun tusa a chur mar theachtaire go dtí an Éigipt.’

³⁵ ‘An Maois seo ar dhiúltaigh siad dó á rá: ‘Cé a cheap thusa i do cheann urra agus i do réiteoir orainn,’ sin é an fear a sheol Dia chucu ina cheann agus ina fhuascailteoir le cabhair an aingil a thaispeáin é féin dó ag an tor. ³⁶ Eisean a sheol amach iad agus a rinne éachtaí agus míorúiltí i dtír na hÉigipte agus ag an Muir Rua agus san fhásach ar feadh daichead bliain. ³⁷ Sin é an Maois céanna a dúirt le clann Iosrael: ‘Ardóidh Dia fáidh eile daoibh as bhur gcine féin faoi mar a d’ardaigh sé mise.’ ³⁸ Sin é an fear a bhí leis an bpobal san fhásach i gcuideachta an aingil a labhair leis ar Shliabh Shíonái, agus i gcuideachta ár sinsear, agus a fuair briathra beo le tabhairt dúinne. ³⁹ Ach ní ghéillfeadh ár sinsir dó: thug siad droim láimhe dó agus d’iompaign a gcroí ar an Éigipt athuair, ⁴⁰ á rá le hÁrón: ‘Déan dúinn déithe a ghluaisfidh romhainn. An Maois seo a sheol as tír na hÉigipte sinn, ní fheadramar cad a d’imigh air.’ ⁴¹ agus rinne siad íomhá lao sna laethanta



sin agus d’ofráil íobairt don íol agus rinne siad aoibhneas as saothar a lámh. ⁴² Ach d’iompaign Dia uathu agus lig dóibh adhradh a thabhairt do na ranna neimhe de réir mar atá scríofa i leabhar na bhfáithe:

‘Ní domsa a thug sibh tíolacthaí agus íobairt ar feadh daichead bliain san fhásach, a theaghlach Iosrael;

⁴³ is both Mholoch a rinne sibh a iompar agus réalt Reafas, bhur ndia; b’shin iad na híomhánna a rinne sibh le hadhradh agus díbreoidh mé sibh thar Bablóin soir.’

⁴⁴“Bhí both an fhoilsithe ag ár sinsir san fhásach. An té úd a bhíodh ag labhairt le Maois, d’ordaigh sé dó í a dhéanamh de réir an phatrúin a bhí feicthe aige. ⁴⁵ Fuair an chéad ghlúin eile dár sinsir í mar oidhreacht agus thug siad féin agus Iósua isteach leo í i ndúiche na gciníocha a ruaig Dia amach rompu; agus d’fhan sí ann go dtí aimsir Dháiví.

⁴⁶ Fuair Dáiví gean ó Dhia agus d’iarr sé cead air áitreabh a fháil do Dhia Iacóib. ⁴⁷ Ach ba é Solamh a thóg teach dó. ⁴⁸ Ar a shon sin ní chónaíonn an té is airde i dtithe lámhdhéanta, de réir mar a deir an fáidh:

⁴⁹ Is iad na spéartha mo chathaoir ríoga, agus an talamh stól mo chos.

Cén sórt tí a thógfaidh sibhse dom, arsa an Tiarna, nó cá mbeidh m’áit chónaithe?



⁵⁰Nach í mo lámhsa a rinne na nithe seo uile?"

⁵¹"Nach ceandána an dream sibh agus nach stuacach atá bhur gcroí agus bhur gcluasa? Bíonn sibh ag cur in aghaidh an Spioraid Naoimh de shíor mar a dhéanadh bhur sinsir romhaibh. ⁵²Cén duine de na fáithe nach ndearna bhur sinsir géarleanúint air? Agus d'imir siad an bás orthu siúd a thairngir teacht an Fhíréin. Agus anois tá sibhse tar éis é a bhrath agus a chur chun báis, ⁵³sibhse a fuair an dlí trí bhíthin na n-aingeal ach nár choimeád é."

Stiofán á Chlochadh

⁵⁴Chuaigh an chaint sin trí chroí a lucht éiste agus tháinig díoscán fiacla orthu chuige.

⁵⁵Ach bhí seisean lán den Spiorad Naomh, agus, ag féachaint in airde chun na bhflaitheas dó, chonaic sé glóir Dé agus Íosa ina sheasamh ar dheis Dé. ⁵⁶"Féach," ar seisean, "feicim na flaithis ar oscailt agus Mac an Duine ina sheasamh ar dheis Dé." ⁵⁷Leis sin lig siad béic ard astu agus gan éisteacht le focal eile thug siad ruathar faoi in éineacht,

⁵⁸thiomáin amach as an gcathair é agus thosaigh siad ar ghabháil de chlocha air. D'fhág na finnétithe a mbrait ag cosa ógfhir darbh ainm Sól. ⁵⁹Fad a bhí siad á chlochadh bhí Stiofán ag glao os ard á rá: "A Thiarna Íosa, glac chugat m'anam." ⁶⁰Ar thitim dó ar a ghlúine scread sé in ard a ghutha: "A Thiarna, ná hagair orthu an peaca seo." Agus leis sin shíothlaigh sé. ¹Agus thoiligh Sól lena dhúnmharú.



An Eaglais á Géarleanúint

An lá sin féin thosaigh géarleanúint mhór ar an Eaglais in Iarúsailéim agus scaip siad uile, ach amháin na haspail, ar fud chríocha Iúdáia agus na Samáire. ²Agus d'ardaigh daoine diaganta áirithe corp Stiofáin leo chun é a adhlacadh agus rinne siad caoineadh mór os a chionn. ³Ach bhí Sól ag déanamh scriosta ar an Eaglais: é ag dul ó theach go teach ag sracadh daoine amach, idir fhir agus mhná, agus á gcur i bpriosún.

Pilib sa tSamáir

⁴Iad sin a scaipeadh, ghluais siad ar fud na tíre ag fógairt an dea-scéil. ⁵Chuaigh Pilib go dtí cathair na Samáire agus thosaigh ag craobhscaoileadh dóibh i dtaobh Chríost. ⁶Thug na sluaite cluas ghéar dá raibh le rá ag Pilib mar ní hea amháin gur chuala siad a chuid cainte ach chonaic siad chomh maith na míorúiltí a bhí aige á ndéanamh. ⁷Mórán a raibh deamhain mhíghlana iontu, tháinig na deamhain amach astu agus iad ag screadadh de ghlór ard; agus leigheasadh mórán pairiliseach agus bacach, ⁸sa tslí go raibh áthas mór sa chathair sin.

Síomón Draoi

⁹Bhí sa chathair fear darbh ainm Síomón agus bhí sé roimhe sin ag cur mearbhaill ar mhuintir na Samáire lena chuid draíochta agus é ag maíomh gur duine mór le rá é féin.



Gach duine sa chathair idir uasal agus íseal, thug siad cluas dó ¹⁰ agus deiridís: “Is é seo ‘mórchumhacht Dé’ mar a thugtar air.” ¹¹ Thugaidís cluas dó toisc mearbhall a bheith chomh fada sin orthu ag a chuid draíochta. ¹² Ach nuair a chreid siad an dea-scéal ó Philib faoi ríocht Dé agus faoi ainm Íosa Críost, baisteadh iad idir fhir agus mhná. ¹³ Agus Síomón féin chreid sé chomh maith le cách agus tar éis a bhaiste, chloígh sé go dlúth le Pilib agus thagadh alltacht air nuair a d’fheiceadh sé na míorúiltí agus na héachtaí móra a bhí a ndéanamh.

¹⁴ Nuair a chuala na haspail a bhí in Iarúsailéim go raibh an tSamáir tar éis glacadh le briathar Dé, sheol siad chucu Peadar agus Eoin. ¹⁵ Ar theacht dóibhsean chucu, rinne siad guí ar a son go bhfaighidís an Spiorad Naomh, ¹⁶ mar ní raibh an Spiorad tagtha fós ar dhuine ar bith acu mar ní raibh siad ach baiste in ainm an Tiarna Íosa. ¹⁷ Ansin leag Peadar agus Eoin a lámha orthu agus fuair siad an Spiorad Naomh.

¹⁸ Ach nuair a thug Síomón faoi deara gur trína lámha a leagan ag na haspail ar dhaoine a thugtaí an Spiorad, rinne sé airgead a thairiscint dóibh á rá: ¹⁹ “Tugaigí domsa freisin an chumhacht sin i dtreo, cibé duine a leagfaidh mé mo lámha air, go bhfaighidh sé an Spiorad Naomh.” ²⁰ D’fhreagair Peadar dó, áfach: “Don donas leat féin agus le do chuid airgid má mheas tú tabhartas Dé a cheannach ar airgead. ²¹ Níl baint ná páirt agat sa ghnó seo, mar ní ionraic do chroí i bhfianaise Dé. ²² Iompaigh dá bhrí sin ón urchóid seo agat agus iarr ar an Tiarna go maithfí duit an smaoineamh seo a theacht i do chroí. ²³ Mar tugaim faoi deara go bhfuil tú éirithe chomh searbh leis an domlas agus go bhfuil tú gafa san olc.” ²⁴ D’fhreagair Síomón é: “Agus déanaigíse guí chun an Tiarna orm freisin ionas nach dtiocfaidh orm aon ní dár luaigh sibh.”



²⁵Nuair a bhí a gcuid fianaise tugtha ag na haspail agus scéal an Tiarna fógartha acu, ghluais siad leo ar ais go Iarúsailéim agus d'fhógair an dea-scéal i mórchuid de bhailte na Samáarach.

Pilib agus an Feidhmeannach Aetópach

²⁶Labhair aingeal an Tiarna le Pilib: “Éirigh,” ar seisean, “agus gluais leat ó dheas an bóthar a ghabhann ó Iarúsailéim go Gazá; sin é bóthar an fhásaigh.” ²⁷D’éirigh Pilib agus chuir chun bóthair. Agus tharla ag dul an bealach sin coillteán Aetópach, fear a bhí ina ardoifigeach ag Candacae, banríon na nAetópach, agus ina choimeádaí ar a cuid maoinne uile. Bhí sé tar éis teacht go hIarúsailéim ag adhradh Dé ²⁸agus bhí sé ar a shlí abhaile agus é ina shuí ina charráiste agus ag léamh Íseáia fáidh. ²⁹Labhair an Spiorad le Pilib: “Gabh suas chun an charráiste agus siúil lena thaobh.” ³⁰Rith Pilib anonn agus nuair a chuala sé an coillteán ag léamh Íseáia fáidh, labhair sé leis: “An dtuigeann tú a bhfuil agat á léamh?” ar seisean. ³¹“Conas a thuigfinn,” d’fhreagair an coillteán, “gan duine éigin a mhíneodh dom é?” agus d’iarr ar Philib suí in airde leis. ³²Is é seo an giota den scríoptúr a bhí a léamh aige:

“Seoladh é amhail caora chun a choscartha,
agus amhail uan a bheadh ina thost os comhair an lomadóra,
níor oscail sé a bhéal.

³³Ó tugadh céim síos dó
ní raibh cothrom le fáil aige.

Cé a dhéanfaidh trácht ar a shliocht



mar tógadh as an saol seo é.”

³⁴Labhair an coillteán le Pilib: “Inis dom,” ar sé, “cé dó a bhfuil an fáidh ag tagairt? Cé acu dó féin atá sé ag tagairt nó do dhuine éigin eile?” ³⁵Bhog Pilib chun cainte, agus ag tosú ón dréacht seo den scríoptúr d’fhógair sé dó an dea-scéal faoi Íosa. ³⁶Bhí siad ag cur an bhóthair díobh nuair a tháinig siad chun lochán uisce. “Féach,” arsa an coillteán, “tá uisce anseo. Cad é an bac atá ormsa mo bhaisteadh?” (³⁷Dúirt Pilib leis: “Má chreideann tú ó do chroí go hiomlán, is ceadmhach duit.” D’fhreagair sé agus dúirt: “Creidim gurb é Mac Dé é Íosa Críost.”) ³⁸D’ordaigh sé an carráiste a stop, chuaigh siad beirt, Pilib agus an coillteán, síos isteach san uisce agus bhaist Pilib é. ³⁹Ach ar theacht amach as an uisce dóibh, d’ardaigh Spiorad an Tiarna Pilib chun siúil agus ní fhaca an coillteán é níos mó agus chuir sé chun bóthair go lúcháireach. ⁴⁰Tháinig Pilib go hAzótas agus ghluais sé ag fógairt an dea-scéil ar fud na mbailte go léir nó go dtáinig sé go Céasaráia.

Iompú Phóil

9 Idir an dá linn lean Sól ag bagairt báis ar dheisceabail an Tiarna. Chuaigh sé go dtí an t-ardsagart ²ag lorg litreacha uaidh le tabhairt chun na sionagóg i nDamaisc i dtreo, cibé duine dá bhfaigheadh sé ann, fear nó bean, a lean an bealach, go ndéanfadh sé iad a ghabháil agus a thabhairt ar ais go Iarúsailéim. ³Bhí sé ar an mbóthar ann agus é ag druidim le Damaisc nuair a las solas ón spéir ina thimpeall de phreib. ⁴Thit sé chun talaimh agus chuala sé an guth á rá leis: “A Shóil, a Shóil, cén fáth a bhfuil tú do mo ghéarleanúint?” ⁵“Cé thú féin, a Thiarna?” d’fhiafraigh Sól. D’fhreagair an guth: “Is mise



Íosa, an té a bhfuil tú á ghéarleanúint. ⁶Ach éirigh i do sheasamh, gabh isteach sa chathair agus déarfai leat cad is déanta duit.”

⁷Na fir a bhí ag taisteal leis, rinneadh staic díobh: bhí an guth le cloisteáil acu ach gan duine le feiceáil. ⁸D’éirigh Sól den talamh, ach nuair a d’oscail sé na súile ní raibh aon léas radhairc aige. Rug siad ar lámh air agus sheol isteach sa chathair é. ⁹Agus bhí sé ar feadh trí lá gan radharc agus gan greim ná bolgam a bhlas.

Pól á Bhaisteadh

¹⁰Bhí, i nDamaisc, deisceabal darbh ainm Anainias agus labhair an Tiarna in aisling leis: “A Anainias,” ar sé. “Teacht, a Thiarna,” d’fhreagair Anainias. ¹¹“Éirigh,” arsa an Tiarna leis, “agus gluais leat go dtí an tSráid Dhíreach mar a thugtar uirthi, agus loirg i dteach Iúdáis fear ó Tharsas arb ainm dó Sól. Tá sé ag guí ann ... ¹²agus chonaic sé in aisling fear darbh ainm Anainias ag teacht isteach chuige agus ag leagan a lámh air chun go mbeadh a radharc ar ais aige.” ¹³Ach d’fhreagair Anainias: “A Thiarna, chuala mé iomrá ar an bhfear seo óna lán daoine agus ar a bhfuil d’olc déanta aige ar an bpobal naofa in Iarúsailéim, ¹⁴agus anseo féin tá údarás aige ó na hardsagairt gach duine dá nglaoon ar d’ainmse a ghabháil.” ¹⁵“Gluais leat,” arsa an Tiarna leis, “mar is é sin an duine atá tofa agamsa chun m’ainm a thabhairt i láthair na bpágánach agus na ríthe agus i láthair chlann Iosrael. ¹⁶Taispeánfaidh mise dó a bhfuil le fulaingt aige ar son m’ainmse.” ¹⁷D’imigh Anainias leis, agus ar dhul isteach sa teach dó leag sé a lámha air, á rá: “A Shóil, a bhráthair, is é an Tiarna a sheol chugat mé – an Íosa a thaispeáin é féin duit ar do



bhealach anseo – chun go mbeadh do radharc arís agat agus go líonfaí den Spiorad Naomh thú.”¹⁸ Agus de phreib thit mar a bheadh screamh dá shúile agus tháinig a radharc arís dó; agus ar éirí dó ina sheasamh, baisteadh é.¹⁹ Agus tar éis dó rud a ithe tháinig a neart arís ann.

Pól ag Fógairt t an Dea-Scéil

D’fhan Sól ar feadh tamaill leis na deisceabail i nDamaisc.²⁰ Thosaigh sé láithreach ag fógairt sna sionagóga gurb é Íosa mac Dé.²¹ Tháinig alltacht ar a raibh ag éisteacht leis agus deiridís: “Nach é sin an duine a rinne scrios in Iarúsailéim ar a mbíodh ag gaoch ar an ainm sin? Nach é gnó a thug anseo é iad a ghabháil agus a thabhairt ar ais go dtí na hardsagairt?”²² Ach is ag dul i neart a bhí Sól agus chuir sé mearbhall ar Ghiúdaigh Dhamaisce toisc é bheith ag dearbhú gurb é Íosa an Meisias.

Pól in Iarúsailéim

²³ I gceann tamaill mhaith chuaigh na Giúdaigh i gcomhairle le chéile chun é a mharú,²⁴ ach fuair Sól eolas ar a gcomhcheilg. Bhídís ag faire na ngeataí go géar de lá agus d’oíche chun é a mharú.²⁵ Ach thóg na deisceabail leo é san oíche agus lig síos i gciseán ar cheann téide é trí scoilt san fhalla.

²⁶ Ar theacht dó go Iarúsailéim rinne sé iarracht ar dhul i bpáirt leis na deisceabail ach bhí eagla orthu go léir roimhe mar ní chreidfidís gur dheisceabal é.²⁷ Ansin thóg Barnabas faoina chúram é agus thug i láthair na n-aspal é, ag aithris dóibh conas mar a chonaic sé an Tiarna ar an mbóthar agus mar a rinne sé comhrá leis agus mar a labhair sé go teann in



ainm Íosa i nDamaisc. ²⁸D’fhan Sól in éineacht leo in Iarúsailéim gan chosc gan cheangal air ach é ag labhairt go dána in ainm an Tiarna. ²⁹Bhíodh sé ag caint agus ag conspóid leis na Giúdaigh Heilléanacha freisin. Rinne siadsan iarracht ar é a mharú ³⁰ach nuair a fuair na bráithre amach é, thóg siad Sól leo go Céasaráia agus chuir as sin go Tarsas é.

³¹Mar sin bhí síocháin ag an Eaglais ar fud Iúdáia go léir agus na Gailíle agus na Samáire. Lean sí á tógáil féin agus ag dul chun cinn faoi eagla an Tiarna agus ag dul i méid le cabhair an Spioraid Naoimh.

Peadar i Lioda

³²Tharla nuair a bhí Peadar ar a chamchuarta go ndeachaigh sé chun an phobail naofa a chónaigh i Lioda. ³³Tháinig sé ar dhuine ann arbh ainm dó Aenéas – pairiliseach a bhí ag coimeád na leapa le hocht mbliana anuas. ³⁴Labhair Peadar leis: “A Aenéas,” ar sé, “tá Íosa Críost do do leigheas. Éirigh i do shuí agus cóirigh do leaba.” Agus d’éirigh sé láithreach. ³⁵Agus nuair a chonaic muintir Lioda agus muintir Sharóin é, d’iompaigh siad go léir chun an Tiarna.

³⁶Bhí in Iopae bandeisceabal darbh ainm Taibít (Dorcás sa Ghréigis, focal a chiallaíonn “eilit”). Bean ba ea í a raibh a saol tugtha aici i mbun carthanachta agus déirce. ³⁷Tharla sna laethanta sin gur buaileadh breoite í agus go bhfuair sí bás. Tar éis dóibh í a thonach chuir siad ar chláir í i seomra uachtarach. ³⁸Tá Lioda i ngar do Iopae agus nuair a chuala na deisceabail Peadar a bheith san áit, chuir siad beirt fhear chuige á iarraidh air teacht chucu gan mhoill. ³⁹D’éirigh Peadar agus tháinig lena gcois. Ar shroichint na háite dó



thug siad in airde chun an tseomra uachtaraigh é. Tháinig na baintreacha go léir chuige ag sileadh deor agus ag taispeáint dó na léinte agus na gcótaí a dhéanadh Dorcas dóibh fad a bhí sí ina beatha. ⁴⁰ Ach chuir Peadar gach duine acu amach agus chaith sé é féin ar a ghlúine ag guí. Ansin d’iompaigh sé chun an choirp, á rá: “A Thaibít, éirigh i do shuí.” D’oscail sise a súile agus ar fheiceáil Pheadair di, d’éirigh sí aniar. ⁴¹ Shín Peadar a lámh chuici agus chuir ina seasamh í. Ansin ghlaigh sé chuige an pobal naofa agus na baintreacha agus thug suas dóibh í go beo beathach. ⁴² Leath an scéal sin ar fud Iopae agus chreid mórán sa Tiarna. ⁴³ D’fhan sé in Iopae ar feadh i bhfad fara súdaire darbh ainm Síomón.

Aisling Choirnéilias

10 Bhí i gCéasaráia fear darbh ainm Coirnéilias, taoiseach céad ar an gCathlán Iodáileach mar a thugtar air. ² Fear cráifeach ba ea é agus bhí sé féin agus a theaghlach ar fad ómósach do Dhia; thugadh sé déirc go fial don phobal agus dhéanadh guí chun Dé go buan. ³ Lá amháin timpeall a trí a chlog tráthnóna chonaic sé go soiléir in aisling aingeal Dé ag teacht chuige agus ag rá: “A Choirnéilias.” ⁴ Stán sé ar an aingeal le scanradh agus dúirt: “Cad é sin, a dhuine uasail?” D’fhreagair an t-aingeal: “Tá d’urnaithe agus do dhéirc imithe suas i bhfianaise Dé agus tá cuimhne aige orthu. ⁵ Agus anois, cuirse fir go Iopae ag triall ar Shíomón áirithe dar comhainm Peadar. ⁶ Tá sé ar aíocht ag Síomón Súdaire a bhfuil a theach ar bhruach na farraige.”



⁷Nuair a d'imigh an t-aingéal a bhí ag caint leis, ghlaoi sé chuige beirt dá sheirbhísigh agus duine diaganta de na saighdiúirí a bhí faoina réir, ⁸d'aithris dóibh an scéal tríd síos agus chuir chun siúil go Iopae iad.

Aisling Pheadair

⁹Lá arna mhárach timpeall meán lae, bhí siad ag cur na slí díobh agus iad ag tarraingt ar an gcathair, nuair a chuaigh Peadar in airde go huachtar an tí ag guí. ¹⁰Tháinig ocras air agus fonn ite, ach fad a bhí siad ag ullmhú an bhia dó, thit támhnéal air: ¹¹chonaic sé an spéir ar oscailt agus rud éigin mar a bheadh braillín mór ag teacht anuas: é crochta as na ceithre cúinní agus é á ligean anuas chun talaimh. ¹²Istigh ann bhí an uile ainmhí ceathairchosach agus piast agus éanlaith an aeir. ¹³Agus labhair an guth leis: “Éirigh, a Pheadair, maraigh rud éigin agus ith.” ¹⁴“Nar lige Dia sin, a mháistir,” d'fhreagair Peadar, “mar níor ith mé riamh aon ní a bhí mínaofa ná neamhghlan.” ¹⁵Labhair an guth leis athuair: “An ní atá íonghlanta ag Dia ná tabhairse rud neamhghlan air.” ¹⁶Tharla sé seo trí huairé agus ansin tógadh an rud ar ais in airde sa spéir.

¹⁷Bhí mearbhall ar Pheadar i dtaobh brí na físe a bhí feicthe aige: idir an dá linn bhí na fir a chuir Coirnéilias uaidh tar éis tuairisc theach Shíomóin a chur agus bhí siad ina seasamh ag an doras faoin am seo ¹⁸ag gaoch agus ag fiafraí an raibh Síomón dar chomhainm Peadar ar áocht ann.

¹⁹Bhí Peadar fós ag machnamh ar an bhfís nuair a dúirt an Spiorad leis: “Féach, tá fir do do lorg. ²⁰Éirigh i do shuí, gabh síos chucu agus gluais in éineacht leo. Agus ná bíodh aon cheist ort mar is mise a chuir chugat iad.” ²¹Chuaigh Peadar síos chun na bhfear agus



dúirt leo: “Is mise an té atá uaibh. Cad é an gnó a thug anseo sibh?” ²²D’fhreagair siadsan dó: “Coirnéilias taoiseach céad a chuir anseo sinn. Fear ionraic diaganta is ea é a bhfuil ardmheas ag an gcine Giúdach ar fad air, agus fuair sé ordú ó aingeal naofa fios a chur ortsa chun a thí agus éisteacht lena bhfuil le rá agat.” ²³D’iarr Peadar isteach iad, dá bhrí sin, agus thug aíocht dóibh.

D’éirigh sé lá arna mhárach agus d’imigh sé lena gcois agus cuid de na bráithre ó Iopae ina theannta, ²⁴agus bhain sé Céasaráia amach an lá dár gcionn. Bhí Coirnéilias ag feitheamh leis agus é tar éis a ghaolta agus a dhlúthchairde a ghlaoch le chéile. ²⁵Nuair a bhí Peadar ar tí dul isteach tháinig Coirnéilias ina airicis agus d’umhlaigh go talamh ag déanamh ómóis dó. ²⁶Thóg Peadar suas é áfach, á rá: “Éirigh i do sheasamh. Níl ionamsa ach fear ar do dhála féin.” ²⁷Chuaigh sé isteach ag comhrá leis agus fuair sé slua mór daoine cruinnithe ann, ²⁸agus labhair sé leo: “Tuigeann sibh go maith nach dleathach do Ghiúdaigh caidreamh a bheith acu le lucht cine eile, ná dul ar cuairt féin chucu.

Thaispeáin Dia domsa, áfach, gan duine mínaofa ná neamhghlan a thabhairt ar neach ar bith. ²⁹Dá chomhartha sin tháinig mise anseo gan cheist gan doicheall an túsce a cuireadh fios orm. Ceist agam oraibh dá bhrí sin: cad uime ar chuir sibh fios orm, fiafraím díbh?”

³⁰D’fhreagair Coirnéilias: “An taca seo trí lá ó shin bhíos ag rá m’urnaithe tráthnóna i mo theach nuair a sheas duine os mo chomhair agus é cóirithe in éadaí geala. ³¹‘A Choirnéilias,’ ar sé, ‘tá éiste le do ghuí agus tá cuimhne ar do dhéirc i bhfianaise Dé.

³²Cuir fios, dá bhrí sin, go Iopae ar Shíomón dar comhainm Peadar; tá sé ar aíocht i dteach Shíomóin Súdaire ar bhruach na farraige.’ ³³Mar sin chuir mé fios ort láithreach



bonn – agus ba mhaith uait teacht. Anois táimid go léir anseo i bhfianaise Dé chun éisteacht le gach ar ordaigh an Tiarna duit.”

Óráid Pheadair

³⁴ Ansin thosaigh Peadar ag labhairt: “Tuigim anois go fíor nach bhféachann Dia chun pearsan seachas a chéile ³⁵ ach cibé duine a thugann ómós dó agus a dhéanann an ceart, gur taitneamhach an duine sin dó is cuma cén cine ar díobh é. ³⁶ Sin é an teachtaireacht a chuir sé go dtí clann Iosrael nuair a d’fhógair sé dea-scéal na síochána dóibh trí Íosa Críost – an té atá ina Thiarna ar chách uile. ³⁷ Tá a fhios agaibh an rud a thit amach ar fud Iúdáia, tar éis dó tosú sa Ghailíl i ndiaidh an bhaiste a d’fhógair Eoin, ³⁸ an scéal faoi Íosa ó Nazarat: mar a choisric Dia é leis an Spiorad Naomh agus le cumhacht; mar a chuaigh sé timpeall na tíre ag déanamh na maitheasa agus ag leigheas gach duine a bhí faoi smacht an diabhair, mar go raibh Dia fairis. ³⁹ Agus is finnétithe sinn ar gach ní dá ndearna sé i dtír na nGiúdach agus in Iarúsailéim. Chuir siad chun báis é á chrochadh ar chrann, ⁴⁰ ach thóg Dia ón mbás an treas lá é agus thug le feiceáil é, ⁴¹ ní don phobal ar fad é, ach do na finnétithe a bhí réamhcheaptha ag Dia, is é sin le rá, dúinne. Chaitheamar bia agus deoch ina theannta tar éis a aiséirithe ó mhairbh ⁴² agus d’ordaigh sé dúinn a fhógairt don phobal agus a dhearbhu gurb é atá ceaptha ag Dia ina bhreitheamh ar bheo agus ar mhairbh. ⁴³ Agus is air a thugann na fáithe uile an fhianaise seo go bhfuil maithiúnas peacaí le fáil ina ainm ag an uile dhuine a chreideann ann!”



Págánaigh á mBaisteadh

⁴⁴Ní raibh an méid sin ráite ag Peadar nuair a tháinig an Spiorad Naomh anuas ar a raibh ag éisteacht lena theachtaireacht. ⁴⁵Bhí alltacht ar na creidmhigh Ghiúdacha a bhí tagtha in éineacht le Peadar a fheiceáil gur doirteadh tabhartas an Spioraid Naomh ar na págánaigh freisin, ⁴⁶mar chuala siad ag caint iad i dteangacha agus ag móradh Dé. ⁴⁷Ansin labhair Peadar leo: “Cé a d’fhéadfadh uisce a mbaiste a dhiúltú do na daoine seo agus iad tar éis an Spiorad Naomh a fháil chomh maith linn féin?” ⁴⁸Agus d’ordaigh sé iad a bhaisteadh in ainm Íosa Críost. Ansin d’iarr siad air fanacht ina dteannta ar feadh roinnt laethanta.

Peadar ag Míniú an Scéil d’Eaglais Iarúsailéim

1 Chuala na haspail agus na bráithre a bhí ar fud Iúdáia go raibh na págánaigh freisin tar éis briathar Dé a ghlacadh. ²Nuair a chuaigh Peadar suas go Iarúsailéim, rinne lucht an timpeallghearrtha é a cháineadh ³á rá leis: “Chuaigh tú isteach i measc daoine neamhthimpeallghearrtha agus chaith tú bia ina dteannta.” ⁴Thosaigh Peadar agus d’aithris sé an scéal tríd síos dóibh: ⁵“Bhí mé i gcathair Iopae ag guí,” ar seisean, “nuair a tháinig támhneál orm, agus chonaic mé in aisling rud mar a bheadh braillín mór á ligean anuas ón spéir leis na ceithre cúinní. Tháinig sé fad liom ⁶agus nuair a d’fhéach mé isteach ann chonaic mé ainmhithe ceathairchosacha an domhain agus na beithígh allta agus na péisteanna agus éanlaith an aeir. ⁷Ansin chuala mé an guth á rá: ‘Éirigh, a



Pheadair, maraigh agus ith.’⁸ ‘Nár lige Dia sin, a mháistir,’ arsa mise, ‘mar aon ní mínaofa ná neamhghlan ní dheachaigh i mo bhéalsa riamh.’⁹ Labhair an guth ón spéir liom don dara huair: ‘Aon ní atá íonghlanta ag Dia, ná tabhairse rud mínaofa air.’

¹⁰Tharla sé seo don tríú huair agus ansin tarraingíodh an t-iomlán ar ais in airde sa spéir.

¹¹“Ar an bpointe sin tháinig chun an tí ina raibh mé triúr fear a bhí curtha ag triall orm ó Chéasaráia. ¹²Dúirt an Spiorad liom gan aon cheist a bheith orm ach imeacht lena gcois. Tháinig an seisear bráithre seo in éineacht liom agus chuamar isteach i dteach an fhir úd. ¹³D’inis seisean dúinn mar a chonaic sé an t-aingeal ina sheasamh ina theach á rá leis: ‘Cuir fios go hIopae ar Shíomón dar comhainm Peadar ¹⁴agus labhróidh sé sin na briathra leat ina bhfaighidh tú féin agus do theaghlach uile slánú.’ ¹⁵Agus ar thosú dom ag caint, thuirling an Spiorad Naomh orthu mar a thuirling orainn féin i dtosach. ¹⁶Ansin chuimhnigh mé ar fhocal úd an Tiarna, mar a dúirt sé: ‘Rinne Eoin baisteadh in uisce ach baistfear sibhse sa Spiorad Naomh.’ ¹⁷Dá réir sin má thug Dia dóibhsean an tabhartas céanna a thug sé dúinne tar éis dúinn creidiúint sa Tiarna Íosa Críost, cérbh é mise go bhféadfainn bac a chur ar Dhia?’” ¹⁸Nuair a chuala siad an méid sin, d’éist siad agus thug glóir do Dhia á rá: “Thug Dia, más ea, aithrí chun na beatha do na Gintlithe chomh maith.”

Eaglais Aintíoch

¹⁹An mhuintir úd a scaipeadh ag an ngéarleanúint a tharla mar gheall ar Stiofán, ghluais siad rompu chomh fada le Féinice agus leis an gCipir agus le hAintíoch. Níor



fhógair siad an briathar, áfach, ach do na Giúdaigh amháin. ²⁰ Ach bhí daoine áirithe orthu – Ciprigh agus Cuiréanaigh ba ea iad – agus nuair a bhain siad Aintíoch amach thosaigh siad ag caint leis na Gréagaigh chomh maith agus ag fógairt dea-scéal an Tiarna Íosa dóibh. ²¹ Bhí lámh Dé leo san obair agus is iomaí duine a ghlac an creideamh agus a d’iompaigh chun an Tiarna. ²² Tháinig scéala fúthu go dtí an Eaglais in Iarúsailéim agus sheol siad Barnabas go hAintíoch. ²³ Nuair a shroich sé an áit agus nuair a chonaic sé grásta Dé ann, bhí áthas air, agus chomhairligh sé dóibh go léir cloí leis an Tiarna go daingean diongbháilte. ²⁴ Fear maith a bhí ann agus é lán den Spiorad Naomh agus de chreideamh. Agus cuireadh slua maith mór le buíon an Tiarna.

²⁵ D’imigh Barnabas go Tarsas ag lorg Shóil, ²⁶ agus tar éis dó é a fháil, thug sé leis go hAintíoch é. Thug siad bliain iomlán ar aíocht ag an Eaglais ann agus thug siad teagasc dá lán daoine. Agus tharla gur in Aintíoch is túisce a tugadh *Críostaithe* ar na deisceabail.

²⁷ Sna laethanta sin tháinig fáithe anuas ó Iarúsailéim go hAintíoch. ²⁸ D’éirigh duine acu darb ainm Agabas agus thug sé le fios faoi luí an Spioraid go raibh gorta mór le teacht ar an domhan iomlán – rud a tharla in aimsir Chlaidias. ²⁹ Mar sin de, bheartaigh na deisceabail – gach duine acu de réir a ghustail – ar chabhair airgid a chur chun na mbráithre a bhí ina gcónaí in Iúdáia. ³⁰ Rinne siad amhlaidh agus chuir siad Barnabas agus Sól go dtí na seanóirí leis an airgead.



Séamas á Bhású agus Peadar á chur i bPríosún

12Um an dtaca seo is ea d’imir Héaród rí an lámh throm ar chuid de bhaill na hEaglaise. ²Chuir sé Séamas deartháir Eoin chun báis leis an gclaíomh. ³Nuair a chonaic sé gur thaitin sin leis na Giúdaigh, chinn sé ar Pheadar a ghabháil chomh maith. Laethanta an tslimaráin a bhí ann, ⁴agus tar éis dó é a ghabháil, chuir sé i bpríosún é agus d’fhág ceithre scuaid saighdiúirí á choimeád agus é de rún aige é a thabhairt os comhair an phobail tar éis na Cásca. ⁵Fad a bhí Peadar á choimeád sa phríosún, áfach, bhí urnaí á déanamh gan staonadh chun Dé ar a shon ag an Eaglais.

⁶An oíche sula raibh Héaród chun é a thabhairt os comhair an phobail, bhí Peadar ina chodladh idir beirt shaighdiúirí agus dhá shlabhra faoi agus bhí garda os comhair an gheata ag faire an phríosúin. ⁷Go tobann sheas aingeal ón Tiarna os a chomhair agus las solas sa seomra. Bhuail an t-aingeal Peadar sa chliathán agus dhúisigh é á rá: “Éirigh i do sheasamh go tapa.” Leis sin thit na slabhraí dá lámha. ⁸“Fáisc ort do chríos agus cuir ort do bhróga,” arsa an t-aingeal leis, agus rinne sé amhlaidh. “Cuir umat do bhrat,” arsa an t-aingeal arís leis, “agus lean mise.” ⁹Lean sé amach é agus gan a fhios aige gur fíor a raibh á dhéanamh ag an aingeal; cheap sé gur aisling a bhí á feiceáil aige. ¹⁰Ghluais siad thar an gcéad gharda agus thar an dara garda nó gur tháinig siad go dtí an geata iarainn a sheolann chun na cathrach. D’oscail an geata dóibh uaidh féin agus amach leo. Shiúil siad rompu fad sráide agus ansin de phreab, d’imigh an t-aingeal as a radharc.

¹¹Nuair a tháinig Peadar chuige féin, dúirt sé: “Tá a fhios agam anois go fíor gur chuir an Tiarna a aingeal chugam agus gur fhuascail sé ó lámha Héaróid mé agus ó gach ní dá



raibh an pobal Giúdach ag súil leis.”¹² Nuair a tuigeadh an méid sin dó, chuaigh sé go dtí teach Mháire, máthair Eoin dar chomhainm Marcas, mar a raibh slua mór bailithe agus iad ag déanamh urnaí.¹³ Chnag sé ar dhoras an halla agus tháinig cailín aimsire darbh ainm Rós chun an doras á oscailt dó.¹⁴ Nuair a d’aithin sí guth Pheadair, le méid an áthais a bhí uirthi, in ionad an doras a oscailt, rith sí isteach ag fógairt dóibh go raibh Peadar ina sheasamh ag an doras.¹⁵ “Ag rámhailí atá tú,” ar siadsan léi, ach dhearbhaigh sise gurbh fhíor a scéal. “Is é a aingeal coimhdeachta atá ann,” arsa siadsan.¹⁶ Lean Peadar air ag bualadh ar an doras agus nuair a d’oscail siad dó, chonaic siad é agus tháinig alltacht orthu.¹⁷ Ach rinne Peadar comhartha láimhe dóibh bheith ina dtost agus d’aithris dóibh mar a thug an Tiarna amach as an bpríosún é. “Insígí an scéal seo do Shéamas agus do na bráithre,” ar seisean ag imeacht uathu agus ag dul go háit eile.

¹⁸ Nuair a bhí sé ina lá, bhí buairt nár bheag ar na saighdiúirí i dtaobh cad ba chor do Pheadar.¹⁹ Chuir Héaród lorg air agus nuair nach raibh aon fháil air, scrúdaigh sé na gardaí agus d’ordaigh iad a chur chun báis. Ansin chuaigh sé síos ó Iúdáia go Céasaráia agus thug tamall ann.

Bás Héaróid

²⁰ Ag an am seo bhí colg ar Héaród le muintir na Tuíre agus na Síodóine, ach tháinig an dá mhuintir le chéile ar thoscaireacht chuige. Tar éis dóibh Blastas, maor teallaigh an rí, a thabhairt ar a dtaobh, d’iarr siad síocháin ar an rí de bhrí gur ón dúiche ríoga a tháinig lón bia a dtíre féin.²¹ An lá a bhí ceaptha dó bhí Héaród cóirithe ina éide rí, shuigh sé faoi ar an suí breithimh agus thug óráid dóibh.²² Thosaigh an pobal ag béiceadh: “Ní



guth duine é seo ach guth Dé.”²³ Agus ar an mball bhuail aingeal an Tiarna ar lár é de chionn nár thug sé onóir do Dhia. Fuair sé bás agus é á ithe ag péisteanna.

²⁴Lean briathar Dé ag fás agus ag leathnú. ²⁵Tar éis dóibh a misean a chur i gcríoch d’fhill Barnabas agus Sól [ó] Iarúsailéim agus thug siad Eoin Marcas leo.

Barnabas agus Sól ag Tosú ar a Misean

13 Bhí san Eaglais in Aintíoch na fáithe agus na múinteoirí seo a leanas: Barnabas, Simeon – Simeon Dubh mar a thugtaí air, Lúicías Cuiréanach, Manaéan a bhí ina chomhalta ag Héaród an rí cúige, agus Sól. ²Lá dá raibh siad ag seirbhís don Tiarna agus ag déanamh troscadh, labhair an Spiorad Naomh: “Cuirigí ar leith dom,” ar seisean, “Barnabas agus Sól chun dul i mbun na hoibre a bhfuil siad glaoite agam ina comhair.” ³Ansín tar éis dóibh troscadh agus urnaí a dhéanamh, leag siad a lámha orthu agus chuir chun siúil iad.

Barnabas agus Sól sa Chipir

⁴Ghluais siad chun bealaigh faoi threoir an Spioraid Naoimh. Chuaigh siad síos go Seiliúicia agus as sin ar bord loinge go dtí an Chipir. ⁵Ar shroichint Shalamais dóibh, d’fhógair siad briathar Dé i sionagóga na nGiúdach. Bhí Eoin ina chúntóir acu san obair. ⁶Shiúil siad an t-oileán ar fad chomh fada le Pafos, áit ar casadh orthu Giúdach darbh ainm Bairéasas, fear a bhí ina dhraoi agus a mhaígh gurbh fháidh é féin. ⁷I gcuideachta Sheirgias Paulas próchonsal a bhíodh sé. Fear saoihiúil ba ea eisean agus ghlaigh sé



chuirge Barnabas agus Sóil mar bhí fonn air briathar Dé a chloisteáil. ⁸ Ach chuir Eilimeas draoi – is ionann a ainm “Eilimeas” agus draoi – ina gcoinne d’fhonn an próchonsal a choimeád ón gcreideamh. ⁹ Ach bhí Sóil – nó Pól is é sin – lán den Spiorad Naomh agus d’fhéach idir an dá shúil air: ¹⁰ “A dhuine atá lán den uile chealg is ghliceas,” ar seisean, “a mhic an diabhaile agus a namhaid na huile chóra, nach stadfa de bheith ag camadh slite díreacha an Tiarna? ¹¹ Féach, tá lámh an Tiarna anois ort: beidh tú dall agus ní fheicfidh tú an ghrian go dtí an uair atá ceaptha aige.” Ar an mball tháinig scamall dorcha anuas air agus thosaigh sé ag dul timpeall ag lorg daoine a dhéanfadh giollaíocht air. ¹² Nuair a chonaic an próchonsal an ní a tharla, tháinig alltacht air faoi theagasc an Tiarna agus chreid sé.

Pól agus Barnabas in Aintíoch na Pisíde

¹³ Chuaigh Pól agus a bhuíon chun farraige ó Phafos agus tháinig siad go Peirgé i bPaimfile. D’fhág Eoin ansin iad agus chuaigh ar ais go Iarúsailéim. ¹⁴ Lean siadsan orthu nó gur tháinig siad go dtí Aintíoch na Pisíde. Chuaigh siad isteach sa tsionagóg lá na sabóide agus shuigh siad fúthu. ¹⁵ Nuair a bhí léamh an dlí agus na bhfáithe i leataobh, chuir uachtaráin na sionagóige teachtaireacht chucu á rá: “Má tá aon fhocal spreagtha agaibh don phobal, a bhráithre, abraigí é.”

¹⁶ D’éirigh Pól ina sheasamh, thug comhartha láimhe dóibh agus thosaigh ag caint: “A fheara Iosrael,” ar seisean, “agus sibhse a bhfuil ómós agaibh do Dhia, éistigí liom. ¹⁷ Dia an phobail seo Iosrael, rinne sé ár n-aithreacha a thoghadh; agus fad a bhí siad ina



gcoimhthígh san Éigipt rinne sé pobal mór díobh. Ansin sheol amach as sin iad le neart a láimhe ¹⁸ agus [sholáthraigh] sé dóibh ar feadh daichead bliain san fhásach. ¹⁹ Agus tar éis dó seacht dtreibh i gCanán a dhíothú thug sé seilbh na tíre dóibh ar feadh timpeall ceithre chéad caoga bliain. ²⁰ Ansin thug sé breithiúna dóibh go dtí aimsir Shamúéil fáidh.

²¹ “Ina dhiaidh sin d’iarr siad rí a bheith orthu, agus thug Dia Sól mac Chís, fear de threibh Bhiniáimin, dóibh mar rí go ceann daichead bliain. ²² Chuir sé as oifig ansin é agus d’ardaigh rí dóibh, Dáiví, an fear ar dhearbhaigh sé ina thaobh á rá: ‘Is é m’ aithne ar Dháiví mac Ieise, gur fear de réir mo chroí féin é, fear a dhéanfaidh gach ní is toil liom.’

²³ Is dá shliocht siúd a thóg Dia slánaitheoir d’Iosrael de réir mar a bhí geallta aige – is é sin Íosa. ²⁴ Roimh theacht dó sin bhí Eoin tar éis baisteadh chun aithrí a fhógairt do phobal uile Iosrael, ²⁵ agus nuair a bhí Eoin ag teacht go deireadh a chúrsa, is é a dúirt sé: ‘Ní mise an té is dóigh libhse is mé, mar tá duine le teacht i mo dhiaidhse agus ní fiú mise go scaoilfinn a bhróga.’ ²⁶ A bhráithre liom, a shliocht Abrahám agus a mhuintir in bhur measc a bhfuil ómós agaibh do Dhia, is chugainne a cuireadh an teachtaireacht shlánaitheach seo. ²⁷ Níor aithin muintir Iarúsailéim ná a gcuid uachtarán [Íosa], ach nuair a dhaor siad é, is amhlaidh a chuir siad i gcrích ráite úd na bhfáithe a bhíodh á léamh dóibh gach lá sabóide. ²⁸ Cé nach bhfuair siad aon chúis bháis ann d’iarr siad ar Phioláit é a chur den saol. ²⁹ Agus nuair a bhí gach ní dá raibh scríofa ina thaobh comhlíonta acu thóg siad anuas den chrann é agus shín i dtuama é. ³⁰ Ach thóg Dia ó mhairbh é ³¹ agus ar feadh mórán laethanta chonacthas é dóibh sin a tháinig anuas leis ón nGailíl go Iarúsailéim agus is finnéithe anois iad air os comhair an phobail. ³² Agus seo é an dea-scéal atá le fógairt againne daoibh: an gealltanais úd a rinneadh dár sinsir, ³³ go bhfuil



Dia tar éis é a chomhlíonadh dúinne, dá sliocht, trí Íosa a thógáil ó mhairbh, de réir mar atá scríofa sa dara salm: ‘Is tusa mo mhac. Inniu féin a ghin mé thú.’³⁴ Agus i dtaobh é a thógáil ó mhairbh gan aon mheathlú a theacht air go deo, is é atá ráite aige: ‘Tabharfaidh mé daoibh na beannachtaí naofa a gealladh do Dháiví.’³⁵ Agus deir sé áit eile: ‘Ní ligfidh mé do do shearbhónta naofa an meathlú a fhulaingt.’³⁶ Mar nuair a bhí comhairle Dé curtha i gcrích ag Dáiví i gcaitheamh a shaoil, fuair sé bás agus adhlacadh é taobh lena shinsir agus d’imigh meathlú air.³⁷ Ach an té a thóg Dia ó mhairbh níor imigh aon mheathlú air.³⁸ Bíodh a fhios agaibh, dá bhrí sin, a bhráithre, gurb é maithiúnas na bpeacaí trídsean a fhógraítear daoibh,³⁹ agus gur trídsean a shaortar gach creidmheach ar na nithe uile nár fhéad dlí Mhaois é a shaoradh orthu.⁴⁰ Bígí ar bhur n-aire, dá bhrí sin, le heagla go dtiocfaidh oraibh an ní atá luaite ag na fáithe:

⁴¹ ‘Breathnaí, a lucht na tarcaisne,
Glacaigí alltacht agus ceiliúraigí.

Mar tá obair le déanamh agamsa le bhur linn,
obair nach gcreidfeadh sibh dá n-inseofaí daoibh é.’”

⁴² Ag fágáil dóibh, d’impigh siad orthu labhairt ar an téama céanna an tsabóid dár gcionn.

⁴³ Agus nuair a scoir an comhthionól, bhí cuid mhaith de na Giúdaigh agus de na hiompaitheigh dhiaganta a lean Pól agus Barnabas. Ina gcomhrá leo mhol Pól agus Barnabas dóibh bheith buanseasmhach i ngrásta Dé.



Pól ag iompú chuig na Págánaigh

⁴⁴An tsabóid dár gcionn tháinig an chathair ar fad beagnach le chéile ag éisteacht le briathar Dé. ⁴⁵Nuair a chonaic na Giúdaigh na sluaite daoine, bhí siad lán d'fhormad agus bhréagnaigh siad go tarcaisniúil gach a raibh á rá ag Pól. ⁴⁶Ach dúirt Pól agus Barnabas leo go neamhbhalbh: “Is daoibhse ab éigean briathar Dé a labhairt ar dtús; ach ós rud é go bhfuil sibh ag cur suas de agus gur dóigh libh féin nach fiú sibh an bheatha shíoraí a bheith agaibh, táimidne ag iompú chun na bpágánach. ⁴⁷Mar sin é an t-ordú atá faighte ón Tiarna againn:

‘Tá tú ceaptha agam le bheith i do sholas do na náisiúin,
ionas go mbeidh tú i d’ábhar slánaithe go himeall an domhain.’”

⁴⁸Bhí áthas ar na págánaigh an méid sin a chloisteáil agus bhí ardmholadh acu ar bhriathar an Tiarna; agus an méid acu a bhí réamhcheaptha don bheatha shíoraí, ghlac siad an creideamh, ⁴⁹agus bhí briathar Dé á fhógairt go forleathan ar fud na tíre go léir.

⁵⁰Ach rinne na Giúdaigh séideadh faoi mhná uaisle diaganta na cathrach agus faoi na cinn urra, thosaigh siad ar ghéarleanúint a dhéanamh ar Phól agus ar Bharnabas agus thiomáin amach as an dúiche iad. ⁵¹Chroith siadsan an deannach dá gcosa orthu agus as go brách leo go hIocoiniam. ⁵²Agus bhí na deisceabail lán d’áthas agus den Spiorad Naomh.



Pól agus Barnabas in Iocoiniam

14 Tharla an rud céanna in Iocoiniam: chuaigh siad isteach i sionagóg na nGiúdach agus labhair chomh héifeachtach sin leo gur ghlac cuid mhaith Giúdach agus Gréagach leis an gcreideamh. ²Na Giúdaigh nár ghlac an creideamh, áfach, ghríosaigh siad na págánaigh agus chlaon siad a n-aigne i gcoinne na mbráithre. ³Mar sin féin thug siad tamall maith ann agus iad ag labhairt le lánmhuinín as an Tiarna, agus dheimhnigh seisean scéal a ghrásta leis na héachtaí agus na míorúiltí a dheonaigh sé dóibh a dhéanamh.

⁴Bhí pobal na cathrach deighilte ina dhá chuid: cuid acu ag taobhú leis na Giúdaigh agus cuid eile ag taobhú leis na haspail. ⁵Ach nuair a chuir na Giúdaigh agus na págánaigh, mar aon lena lucht ceannais, chun easmailt a thabhairt dóibh agus iad a chlochadh, ⁶fuair siad sin eolas air agus theith siad go dtí bailte Lucaóine, go dtí Liostra agus Deirbé agus na críocha máguaird, ⁷mar ar lean siad leo ag fogairt an dea-scéil.

I Liostra

⁸Bhí ina shuí i Liostra fear a bhí gan lúth na gcos: bhí sé ina mhairtíneach ó bhroinn a mháthar agus níor shiúil sé riamh. ⁹Bhí an fear seo ag éisteacht le Pól ag caint, agus nuair a d'fhéach Pól idir an dá shuíl air chonaic sé go raibh creideamh a leighiste aige, ¹⁰agus dúirt sé de ghuth ard: “Éirigh i do sheasamh ar do chosa.” Agus léim sé ina sheasamh agus thosaigh ag siúl. ¹¹Nuair a chonaic na sluaite cad a bhí déanta ag Pól, d’ardaigh siad



a nglór, á rá i dteanga na Lucaóine: “Tá na déithe tagtha anuas inár measc i gcló daoine.”

¹²Thug siad Séas ar Bharnabas, agus toisc gurbh é Pól an príomhchainteoir thug siad Heirméas airsean. ¹³Agus sagart Shéas, a bhfuil a theampall lasmuigh den bhaile, thug sé féin agus an pobal tairbh agus bláthfhleasca go dtí na geataí d’fhonn íobairt a dhéanamh.

¹⁴Nuair a d’airigh na haspail, Pól agus Barnabas, é, stróic siad a gcuid éadaigh agus rith siad amach faoi dhéin an tslua agus iad ag liúireach: ¹⁵“A fheara,” ar siad, “cad ab áil libh é seo a dhéanamh? Níl ionainne ach daoine daonna cosúil libh féin, agus táimid a fhógairt mar dhea-scéal daoibh éirí as na nithe baotha seo agus iompú ar an Dia beo a rinne neamh agus talamh agus an fharraige agus gach a bhfuil iontu. ¹⁶Sna glúinte atá thart lig Dia do na ciníocha a mbealach féin a ghabháil, ¹⁷ach níor fhág sé riamh iad gan fhianaise air féin; as a rathúnas sheol sé báisteach chugaibh ón spéir agus torthaí i dtráth agus líon bhur gcroí de bhia agus d’áthas.” ¹⁸Ainneoin na cainte sin, ar éigean a d’éirigh leo na sluaite a chosc ar an íobairt a dhéanamh dóibh.

¹⁹Ansin tháinig roinnt Giúdach ó Aintíoch agus ó Iocoiniam, thug siad na sluaite ar a dtaobh agus tar éis dóibh Pól a chlochadh tharraing siad amach as an mbaile é agus iad á cheapadh go raibh sé marbh. ²⁰Ach nuair a tháinig na deisceabail ina thimpeall, d’éirigh sé ina sheasamh agus chuaigh ar ais isteach sa chathair. An lá dár gcionn d’imigh sé féin agus Barnabas leo go Deirbé.

²¹Tar éis dóibh an dea-scéal a fhógairt sa bhaile sin agus mórán deisceabal a dhéanamh, d’fhill siad arís ar Liostra agus ina dhiaidh sin ar Iocoiniam agus Aintíoch, ²²ag cur misnigh ar na deisceabail agus á spreagadh chun bheith dílis don chreideamh, “mar,” ar siad, “ní foláir dúinn mórán a fhulaingt chun dul isteach i ríocht Dé.” ²³Thogh



siad seanóirí dóibh ar gach Eaglais acu agus tar éis urnaithe agus troscadh a dhéanamh chuir siad iad faoi choimirce an Tiarna ina raibh a gcreideamh.

²⁴ Shiúil siad an Phisíde ar fad nó gur tháinig siad go Paimfile; ²⁵ agus tar éis dóibh an briathar a chraobhscaoileadh i bPeirgé chuaigh siad síos go hAtilia ²⁶ agus as sin ar bord loinge go hAintíoch – an áit ar cuireadh faoi choimirce ghrásta Dé iad le haghaidh na hoibre a bhí anois curtha i gcrích acu. ²⁷ Ar theacht dóibh, thionóil siad an Eaglais le chéile, agus d’eachtraigh dóibh a raibh déanta ag Dia i gcomhar leo agus mar a d’oscail sé doras an chreidimh do na págánaigh. ²⁸ Thug siad tamall fada ansiúd i bhfochair na ndeisceabal.

Comhchomhairle Iarúsailéim

15 Tháinig daoine anuas ó Iúdáia agus thosaigh siad ag teagasc na mbráithre: “Mura ndéantar sibh a thimpeallghearradh de réir ghnás Mhaois,” ar siad, “ní féidir bhur slánú.” ² Bhí aighneas agus argóint fhada ag Pól agus ag Barnabas leo, agus shocraigh siad go rachadh Pól agus Barnabas agus roinnt eile acu go Iarúsailéim chun dul i gcomhairle leis na haspail agus leis na seanóirí faoin gceist seo. ³ Rinne an Eaglais iad a thionlacan chun bealaigh, agus ag gabháil dóibh trí Fhéinice agus tríd an tSamáir, d’aithris siad dóibh mar a bhí na págánaigh ag iompú chun Dé, scéal a chuir ardáthas ar na bráithre go léir. ⁴ Agus nuair a tháinig siad go Iarúsailéim, chuir an Eaglais agus na haspail agus na seanóirí fáilte rompu, agus d’eachtraigh siadsan dóibh a mhéid a bhí déanta ag Dia tríothu. ⁵ Ach d’éirigh creidmhigh áirithe a bhain le haicme na bhFairisíneach agus dúirt siad nárbh fholáir na págánaigh a thimpeallghearradh agus a



fhógairt orthu dlí Mhaois a choimeád. ⁶Tháinig na haspail agus na seanóirí i gceann a chéile chun an cheist seo a bhreithniú. ⁷Tar éis conspóide fada d'éirigh Peadar ina sheasamh agus labhair sé leo: “A bhráithre,” ar seisean, “tá a fhios agaibh féin go ndearna Dia rogha eadrainn i bhfad ó shin gur ó mo bhéalsa a chloisfeadh na págánaigh teachtaireacht an dea-scéil agus go gcreidfidís ann. ⁸Agus an Dia a léann croí an duine chuaigh sé i mbannaí ar na págánaigh nuair a bhronn sé orthu an Spiorad Naomh faoi mar a bhronn sé orainne é. ⁹Ní dhearna sé dealú ar bith idir sinne agus iad ach a gcroí a ghlanadh de bharr a gcreidimh. ¹⁰Más ea, cad ab áil libhse bheith ag tabhairt dúshláin faoi Dhia anois agus cuing a chur ar mhúineál na ndeisceabal nár fhéadamar féin ná ár sinsir a iompar? ¹¹Ní hea go deimhin mar go gcreidimid gur trí ghrásta an Tiarna Íosa atá slánú le fáil againn agus acu sin mar an gcéanna.”

¹²D’fhan an slua go léir ina dtost, agus d’éist siad le Barnabas agus le Pól ag cur síos ar na míorúiltí agus ar na héachtaí a bhí déanta tríothu ag Dia i measc na bpágánach. ¹³Agus nuair a bhí deireadh ráite acu d’fhreagair Séamas agus dúirt: “A bhráithre, éistigí liomsa. ¹⁴D’athris Síomón daoibh mar a dheonaigh Dia don chéad uair pobal a bhailiú dó féin i measc na bpágánach. ¹⁵Is beart é sin a thagann le briathra na bhfáithe mar atá scríofa:

¹⁶ ‘Tiocfaidh mé ar ais ina dhiaidh sin,
agus atógfaidh mé both Dháiví atá ar lár.
Deiseoidh mé a fothracha
agus cuirfidh mé ina seasamh arís í.



¹⁷ Ansin beidh na daoine eile go léir ag lorg an Tiarna agus na náisiúin uile arb é m’ainmse atá orthu.

¹⁸ Is é an Tiarna atá á rá seo agus tá eolas orthu le fada an lá.’

¹⁹“Is é mo bhreithiúnas-sa, dá bhrí sin, gan aon chur isteach a dhéanamh ar na págánaigh atá ag iompú chun Dé ²⁰ ach litir a chur chucu a rá leo staonadh ón mbia a thruaillítear ag na hÍola, agus ón bpósadh coil agus ó fheoil na n-ainmhithe a tachtadh agus ón bhfuil.

²¹ Mar tá Maois á léamh sna sionagóga gach lá sabóide agus níl cathair nach bhfuil lucht a fhógartha inti leis na cianta.”

²² Ansin shocraigh na haspail agus na seanóirí agus an Eaglais ar fad ar dhaoine áirithe acu féin a thoghadh agus a chur go hAintíoch in éineacht le Pól agus le Barnabas. Agus chuir siad beirt a raibh ardchéim acu i measc na mbráithre, Iúdás ar a dtugtaí Barsabas agus Síleas. ²³ Thug siad dóibh an litir: “Beatha agus sláinte ó na bráithre idir aspail agus sheanóirí, chun na mbráithre de bhunadh págánach atá in Aintíoch agus sa tSír agus sa tSiléis. ²⁴ Is clos dúinn go ndeachaigh daoine áirithe dár muintirne amach chugaibh agus go ndearna siad sibh a bhuaireamh agus bhur n-aighe a shuaitheadh lena gcuid teagaisc agus gan aon údarás acu uainne. ²⁵ Bheartaíomar dá bhrí sin nár mhiste dúinn teacht le chéile agus teachtaí a thoghadh agus iad a chur chugaibh in éineacht lenár mbráithre ionúine Pól agus Barnabas, ²⁶ beirt a bhfuil a n-anam curtha sa bhfiontar acu ar son ainm ár dTiarna Íosa Críost. ²⁷ Dá réir sin táimid ag seoladh Iúdáis agus Shíleas chugaibh agus tabharfaidh siadsan an tuairisc chéanna ó bhéal daoibh. ²⁸ Tá beartaithe ag an Spiorad Naomh agus againn féin gan aon ualach breise a leagan oraibh ach an méid seo atá riachtanach: ²⁹ sibh a staonadh ó nithe íobarta agus ó fhuil agus nithe tachtaithe agus ón



bposadh coil. Má staonann sibh ó na nithe seo, beidh an ceart á dhéanamh agaibh. Slán agaibh.”

³⁰Scaoileadh na toscairí chun siúil agus síos leo go hAintíoch mar ar bhailigh siad an pobal le chéile agus thug dóibh an litir. ³¹Agus is orthu bhí an t-áthas agus an sólas nuair a léigh siad í. ³²Fáithe ba ea Iúdás agus Síleas, agus labhair siad ar feadh i bhfad leis na bráithre agus thug spreagadh agus misneach dóibh. ³³Tar éis dóibh tamall maith a thabhairt ann chuir na bráithre slán leo ar ais chucu siúd a chuir amach iad. (³⁴Bheartaigh Síleas fanacht ansiúd, ach d’imigh Iúdás leis féin.)

Scaradh na gCompánach

³⁵D’fhan Pól agus Barnabas in Aintíoch, áfach, agus lean siad i dteannta a lán eile ag múineadh agus ag craobhscaoileadh scéal an Tiarna. ³⁶Tamall ina dhiaidh sin dúirt Pól le Barnabas: “Téimis ar ais ag fiosrú na mbráithre i ngach cathair inar chraobhscaoileamar scéal an Tiarna, féachaint conas atá acu.” ³⁷Ba mhian le Barnabas Eoin dá ngoirtí Marcas a thabhairt leo freisin, ³⁸ach bhí Pól á éileamh gan an fear seo, a thréig iad i bPaimfile in ionad dul i mbun oibre leo, a thabhairt leo mar chompánach. ³⁹Tharla aighneas eatarthu agus scar siad le chéile: thóg Barnabas Marcas leis agus chuaigh ar bord loinge go dtí an Chipir; ⁴⁰thogh Pól Síleas agus, tar éis do na bráithre é a chur faoi choimirce ghrásta an Tiarna, d’imigh sé leis. ⁴¹Shiúil sé an tSír agus an tSiléis, ag treisiú leis na hEaglaisí.



Tiomóid

16 Lean sé air go Deirbé agus as sin go Liostra. Bhí deisceabal ansiúd darbh ainm Tiomóid. Giúdach ab ea a mháthair agus í tar éis iompú chun an chreidimh agus Gréagach ba ea an t-athair. ²Bhí ardmheas ag bráithre Liostra agus Iocoiniam ar Thiomóid ³agus ba mhaith le Pól go rachadh sé lena chois. Thóg sé é dá bhrí sin agus rinne sé é a thimpeallghearradh ar mhaithe leis na Giúdaigh a mhair sna críocha sin, mar bhí a fhios acu go léir gur Gréagach a athair.

⁴Ag gabháil dóibh ó bhaile go baile, thug siad don phobal na reachta a bhí déanta ag na haspail agus ag na seanóirí in Iarúsailéim agus dúirt leo iad a choimeád. ⁵Sa tslí sin bhí na hEaglaisí á ndaingniú sa chreideamh agus ag dul i líonmhaire ó lá go lá.

Aisling Phóil: An Mhacadóin ag Glaoch Air

⁶Ghabh siad trí dhúiche Fhrigia agus Ghalaite ach ní ligfeadh an Spiorad Naomh dóibh an dea-scéal a fhógairt san Áise. ⁷Ar theacht dóibh go dtí teorainn Mhisia, bhí siad ag iarraidh dul isteach i mBitinia ach ní ligfeadh Spiorad Íosa ann iad. ⁸Ghluais siad leo thar Mhisia dá bhrí sin agus síos go Tróas. ⁹Bhí aisling ag Pól ann oíche amháin: bhí fear ón Macadóin ina sheasamh ann, ag impí air agus ag rá: “Tar anall go dtí an Mhacadóin ag cabhrú linn.” ¹⁰Ní túisce a chonaic sé an aisling ná chuireamar faoi réir le dul go dtí an



Mhacadóin mar gur thuigeamar as go raibh glaoite ag Dia orainn chun an dea-scéal a fhógairt ann dóibh.

Pól i bhFilipí

¹¹Chuamar ar bord loinge i dTróas agus ceann ar aghaidh as sin go Samotráicé agus an lá ina dhiaidh sin go Neapóil ¹²agus as sin go Filipí. Príomhchathair den taobh sin den Mhacadóin is ea Filipí agus coilíneacht Rómhánach is ea í freisin. Thugamar roinnt laethanta sa chathair sin. ¹³Lá na sabóide chuamar amach lasmuigh den gheata, cois abhann, áit a mheasamar a mbeadh láthair urnaithe na nGiúdach agus shuíomar fúinn ag caint leis na mná a bhí bailithe le chéile ann. ¹⁴Bhí bean ag éisteacht linn, mangaire corcra ó chathair Tíaitíora darbh ainm Lidia. Bean chráifeach ba ea í agus d’oscail an Tiarna a croí go dtabharfadh sí cluas dá raibh á rá ag Pól. ¹⁵Baisteadh í féin agus a teaghlach agus ansin rinne sí tathant orainn, á rá: “Má mheasann sibh go bhfuilim dílis don Tiarna, tagaigí isteach agus bainigí fúibh i mo theachsa.” Agus chuir sí d’fhiacha orainn dul isteach.

An Cailín Feasa

¹⁶Tharla lá nuair a bhíomar ag dul go dtí láthair na hurnaí gur casadh orainn cailín óg a raibh spiorad feasa inti. Bhí mórán airgid á thuilleamh aici dá máistrí as a cuid fáistineachta. ¹⁷Chrom sí ar Phól agus sinne a leanúint agus í ag screadach: “Seirbhísigh



don Dia ró-ard is ea na fir seo,” a deireadh sí, “agus tá bealach bhur slánaithe á fhógairt acu daoibh.” ¹⁸Bhíodh sí á dhéanamh seo ar feadh mórán laethanta go dtí go raibh Pól chomh cráite sin aici gur iompaigh sé uirthi agus go ndúirt leis an spiorad: “Fógraím duit in ainm Íosa Críost imeacht amach aisti.” Agus d’imigh sé aisti an nóiméad sin.

Pól agus Síleas i bPríosún

¹⁹Nuair a chonaic a máistri, áfach, go raibh deireadh lena súil le brabach, rug siad ar Phól agus ar Shíleas agus tharraing isteach i gcearnóg an bhaile iad os comhair na n-uachtarán. ²⁰Sheol siad i láthair na ngiúistísí iad, á rá: “Giúdaigh is ea na daoine seo agus tá ár gcathair á cur bunoscionn acu. ²¹Tá gnásanna á bhfógairt acu nach féidir dúinne, Rómhánaigh, glacadh leo ná déanamh dá réir.” Agus thug an slua fúthu chomh maith. ²²Rinne na giúistísí na héadaí a sracadh díobh agus d’ordaigh iad a bhualadh le slata. ²³Tar éis dóibh iad a léasadh ó thalamh chaith siad isteach i bpríosún iad agus d’ordaigh don choimeádaí iad a choinneáil go daingean. ²⁴Nuair a fuair an coimeádaí an t-ordú sin, chuir sé iad sa chillín ba fhaide isteach agus dhaingnigh a gcosa i gceap adhmaid.

²⁵Timpeall meán oíche bhí Pól agus Síleas ag guí agus ag canadh iomann do Dhia agus na príosúnaigh eile ag éisteach leo. ²⁶Go tobann tharla crith mór talún agus luascadh an príosún ó bhonn. Osclaíodh na doirse uile ar an bpointe agus thit na slabhraí de chách. ²⁷Dhúisigh an coimeádaí as a chodladh agus nuair a chonaic sé doirse an phríosúin ar leathadh, tharraing sé a chlaíomh le hintinn é féin a mharú agus é á cheapadh go raibh na



príosúnaigh go léir teite. ²⁸Scairt Pól air, áfach, in ard a ghutha: “Ná déan aon díobháil duit féin,” ar seisean, “táimid go léir anseo.” ²⁹D’iarr an coimeádaí solas a thabhairt chuige, ansin rith sé isteach agus chaith é féin ag glúine Phóil agus Shíleas agus é ar crith le heagla. ³⁰Ansin sheol sé amach iad agus d’fhiafraigh díobh: “Cad atá le déanamh agam, a mháistrí, go slánófaí mé?” ³¹“Creid sa Tiarna Íosa,” ar siadsan, “agus beidh tú féin agus do theaghlach slán.”

³²Agus d’fhógair siad briathar an Tiarna dó féin agus dá raibh sa teach leis. ³³Dá fhad amach san oíche a bhí sé, thug sé leis iad agus nigh a gcréachtaí; agus baisteadh é féin agus a líon tí go léir ar an bpointe. ³⁴Ansin thug sé isteach ina theach iad agus chuir cóir bia os a gcomhair. Rinne sé féin agus a theaghlach gairdeas go raibh an creideamh faighte aige i nDia.

³⁵Nuair a bhí sé ina lá chuir na giúistísí na póilíní chun coimeádaí an phríosúin, á rá: “Scaoil saor na daoine sin.” ³⁶Thug an coimeádaí an scéal seo go Pól: “Tá na giúistísí tar éis ordú a thabhairt go scaoilfí saor sibh. Amach libh mar sin agus go n-éirí an bóthar libh.” ³⁷Dúirt Pól leis na póilíní, áfach: “Rinne siad sinn a léasadh go poiblí gan aon triail a chur orainn agus sinn inár saoránaigh Rómhánacha. Ansin chaith siad isteach i bpríosún sinn. An dár gcur amach faoi cheilt atá siad anois? Ní dhéanfaidh siad go deimhin, ach tagaidís féin agus déanaidís sinn a chomóradh amach.” ³⁸Thug na póilíní an scéal seo chun na ngiúistísí. Tháinig scanradh orthu nuair a chuala siad gur shaoránaigh Rómhánacha na haspail. ³⁹Chuaigh siad chucu mar sin agus ghabh a leithscéal leo. Sheol siad amach ansin iad agus d’iarr orthu an chathair a fhágáil. ⁴⁰Ar fhágáil an phríosúin



dóibh chuaigh siad go teach Lidia, áit a bhfaca siad na bráithre. Thug siad spreagadh dóibh agus d'imigh siad leo.

Pól i dTeasaloinicé

17Thaistil siad Aimfipioil agus Apollóinia agus tháinig go Teasaloinicé, áit a raibh sionagóg leis na Giúdaigh. ²Mar ba ghnách le Pól bhuail sé isteach chucu agus thug trí shabóid as a chéile ag plé leo, ³ag léiriú agus ag cruthú dóibh as fianaise na scriptúr nárbh fholáir go bhfulaingeachd an Críost agus go n-éireodh sé ó mhairbh. “Agus,” ar seisean, “Íosa seo atáimse a fhógairt daoibh, is é sin an Meisias.”

⁴Chuaigh an scéal ina luí ar chuid acu agus thaobhaigh siad le Pól agus le Síleas, agus slua mór de na págánaigh dhiaganta mar an gcéanna agus líon nár bheag de na mná measúla. ⁵Ghlac na Giúdaigh éad leo, áfach, bhailigh siad chucu roinnt rifíneach as cóip na sráide agus thóg raic agus callán sa chathair. Thug siad fogha faoi theach Iásóin d'fhonn Pól agus Síleas a thabhairt os comhair an phobail ⁶agus nuair nach bhfuair siad ann iad, rug siad leo Iásón agus cuid de na bráithre chun giúistísí na cathrach agus dúirt leo in ard a ngutha: “Tá an domhan mór suaite ag na daoine úd agus seo anois anseo iad ⁷agus Iásón tar éis fáilte a chur rompu. Tá siad seo uile ag sárú reachta Chéasair mar go mbíonn siad ag maíomh go bhfuil duine eile seachas é ina rí, is é sin Íosa.” ⁸Chuir an chaint seo alltacht ar an bpobal agus ar na giúistísí a bhí ag éisteacht. ⁹Agus tar éis dóibh Iásón agus an chuid eile acu a chur faoi bhannaí, scaoil siad saor iad.



¹⁰Ní túisce thit an oíche ná chuir na bráithre Pól agus Síleas chun siúil go Bearóia. Nuair a bhain siad Bearóia amach d’imigh siad leo go dtí sionagóg na nGiúdach. ¹¹Bhí na Giúdaigh seo ní ba leathanaigeanta ná Giúdaigh Theasaloinicé. Ghlac siad an briathar go fonnmhar agus bhídís gach lá ag cíoradh na scriptúr féachaint an raibh an scéal mar a dúradh. ¹²Mar sin de chreid a lán acu agus cuid mhaith de na Gréagaigh chéimiúla, idir fhir agus mhná. ¹³Ach nuair a chuala Giúdaigh Theasaloinicé go raibh briathar Dé fógartha i mBearóia freisin ag Pól, tháinig siad i leith ag suaitheadh agus ag corraí an daoscarshlua. ¹⁴Ansin sheol na bráithre Pól chun bealaigh láithreach faoi dhéin na farraige, ach d’fhan Síleas agus Tiomóid ina dhiaidh ann. ¹⁵An mhuintir a bhí ag tionlacan Phóil rug siad leo chun na hAithine é. D’imigh siad leo ansin agus ordú acu do Shíleas agus do Thiomóid teacht chuige chomh luath agus a ba fhéidir.

Pól san Aithin

¹⁶Fad a bhí Pól ag feitheamh leo san Aithin ghoill sé ar a aigne nuair a chonaic sé an chathair a bheith tugtha suas don íoladhradh. ¹⁷Dá chionn sin bhíodh sé ag plé sa tsionagóg leis na Giúdaigh agus leis an mhuintir dhiaganta, agus ag plé gach lá i gcearnóg an bhaile leo siúd a tharlaíodh a bheith ann. ¹⁸Chuaigh cuid de na fealsaimh Eipiciúracha agus de na fealsaimh Stóchacha ag plé leis chomh maith. Deireadh cuid acu: “Céard atá ar siúl ag an síodráláí seo?” Agus de chionn é bheith ag fógairt dhea-scéal Íosa agus an aiséirí, ís é a deireadh cuid eile acu: “Déithe éigin iasachta atá sé a fhógairt, is cosúil.” ¹⁹Rug siad air agus sheol chun an Airiopagas é, á rá: “An miste dúinn a fhiafraí cén



teagasc nua seo atá ar siúl agat? ²⁰Mar is deoranta linn do scéal agus ba mhaith linn a fháil amach cad is brí leis.” ²¹Na hAithinigh agus na hallúraigh a chónaíonn sa chathair, níl caitheamh aimsire is fearr leo ná bheith ag aithris an scéil is déanaí nó ag éisteacht leis.

²²Sheas Pól i lár an Airiopagas agus labhair mar a leanas:

“A mhuintir na hAithine, tugaim faoi deara gur daoine sibh atá diaganta thar na bearta. ²³Mar ag gabháil dom tríd an gcathair agus mé ag breathnú ar bhur n-íomhána, tháinig mé ar altóir a raibh an scríbhinn seo greanta uirthi: ‘In onóir do dhia anaithnid.’ An neach seo a bhfuil urraim agaibh dó agus gan aon aithne agaibh air, sin é atá le fógairt agamsa daoibh. ²⁴An Dia a rinne an domhan agus a bhfuil ann, is é Tiarna neimhe agus talún é agus ní i dteampaill lámhdhéanta atá cónaí air. ²⁵Ná níl aon ghá aige le freastal daoine faoi mar go mbeadh rud ar bith de dhíth air, mar is é féin a bhronn anam agus anáil agus uile ar chách. ²⁶Rinne sé, ó aon sinsear amháin, an cine daonna ar fad chun cónaí ar chláir an domhain, agus leag amach dóibh a dtréimhsí agus teorainneacha a gcuid fearann, ²⁷d’fhonn go ndéanfaidís Dia a lorg féachaint an mbeidís ag meabhrú na slí chuige agus go n-aimseoidís é. Go deimhin, ní fada ó aon duine againn é, ²⁸mar is ann a mhairimid agus a ghluaisimid agus atáimid. Agus faoi mar a dúirt cuid de bhur bhfilí féin: ‘Is dá shliocht sinn fiú amháin.’

²⁹“Ós de shliocht Dé sinn, más ea, ní ceart dúinn a mheas gur cosúil a nádúr diaga le hór nó le hairgead nó le cloch, le híomhá a ghreanfaí trí ealaín agus trí éirim an duine.

³⁰Scaoil Dia thairis tréimhsí an aineolais, ach tá sé anois ag fógairt ar an uile dhuine san uile áit aithrí a dhéanamh. ³¹Mar tá an lá ceaptha aige ina dtabharfaidh sé breithiúnas de



réir an chirt ar an domhan iomlán; agus tá fear roghnaithe aige chuige, rud a chruthaigh sé do chách uile nuair a thóg sé ó mhairbh é.”

³²Nuair a chuala siad Pól ag trácht ar aiséirí ó mhairbh, thosaigh cuid acu ag magadh faoi. Is é a dúirt cuid eile acu, áfach: “Cloisfimid a thuilleadh faoi seo uait lá éigin eile.”

³³Mar sin d’imigh Pól uathu. ³⁴Mar sin féin bhí daoine ann a thaobhaigh leis agus a ghlac an creideamh. Orthusan bhí Dionisius Airiopagach agus bean darbh ainm Damairis agus tuilleadh nach iad.

Pól i gCorant

18D’fhág sé an Aithin ina dhiaidh sin agus d’imigh go Corant. ²Casadh ansiúd air Giúdach darbh ainm Acula, fear a rugadh i bPontas agus a bhí tagtha le gairid ón Iodáil, é féin agus a bhean Priscille, de bharr an ordú a bhí curtha amach ag Claudias na Giúdaigh go léir a imeacht ón Róimh. Chuaigh Pól ar cuairt chucu ³agus toisc é bheith ar aon cheard leo – déantóirí bothanna ba ea iad – d’fhan sé leo ag obair ar a cheird.

⁴Bhíodh sé ag díospóireacht sa tsionagóg gach lá sabóide ag iarraidh dul i bhfeidhm ar na Giúdaigh agus ar na Gréagaigh.

⁵Nuair a tháinig Síleas agus Tiomóid anuas ón Macadóin chaith Pól a dhúthracht ar fad leis an tseanmóireacht, á chruthú do na Giúdaigh gurb é Íosa an Críost. ⁶Agus nuair a thosaigh siadsan á bhréagnú agus á cháineadh, chroith sé an deannach dá éadaí, á rá leo: “Bíodh bhur gcuid fola ar bhur gceann féin. Ní bheidh mise freagarthach inti. As seo amach tabharfaidh mé aghaidh ar na págánaigh.” ⁷D’fhág sé ann iad agus chuaigh isteach



i dteach duine darbh ainm Síomón Iústas, fear diaganta a raibh a theach taobh leis an tsionagóg. ⁸Chreid Criospas, uachtarán na sionagóige, sa Tiarna, áfach, é féin agus a theaghlach go léir. Agus mórán de na Corantaigh a bhíodh ag éisteacht le Pól, chreid siad agus baisteadh iad.

⁹Oíche amháin labhair an Tiarna le Pól in aisling: “Ná bíodh aon eagla ort,” ar sé. “Lean ort ag seanmóireacht agus ná cuirtear tú i do thost, ¹⁰mar táimse leat agus ní leagfaidh duine ar bith barr méire ort chun dochar a dhéanamh duit, mar tá pobal mór agamsa sa chathair seo.” ¹¹Bhain sé faoi ann mar sin ar feadh bliain go leith, ag múineadh briathar Dé ina measc.

¹²Le linn do Ghaillíon bheith ina phróchonsal ar Acháia thug na Giúdaigh fogha faoi Phól de thoil a chéile agus rug os comhair an tsuí breithimh é. ¹³“Tá an fear seo,” ar siad, “ag áiteamh ar na daoine ómós aindleathach a thabhairt do Dhia.” ¹⁴Bhí Pól ar tí a bhéal a oscailt nuair a labhair Gaillíon leis na Giúdaigh: “Dá mba éagóir éigin nó míghníomh coiriúil éigin a bhí i gceist agaibh, a Ghiúdacha,” ar seisean, “d’éistfinn libh mar ba chóir.

¹⁵Ach ós focail agus ainmneacha agus dlí éigin de bhur gcuid féin atá i gceist agaibh, féachai gí féin chuige. Ní mian liomsa bheith i mo bhreitheamh ar na cúrsaí sin,” ¹⁶agus thiomáin sé ón suí breithimh iad. ¹⁷Ach rug siadsan go léir ar Shóstainéas, uachtarán na sionagóige, agus thug léasadh dó os comhair an tsuí bhreithimh amach. Ach bhí Gaillíon beag beann ar na nithe sin.

¹⁸D’fhan Pól i gCorant ar feadh i bhfad. Ansin d’fhág sé slán ag na bráithre agus chuaigh ar bord loinge chun na Síre. Chuaigh Priscille agus Acula in éineacht leis. Bhí sé tar éis a cheann a bharradh i gCeinchré mar bhí móid air. ¹⁹Nuair a tháinig siad go



hEifeasas, scar sé leis an mbeirt eile ann agus chuaigh sé féin isteach sa tsionagóg ag díospóireacht leis na Giúdaigh. ²⁰D'iarr siadsan air fanacht tamall, ²¹ach ní thoilleadh sé chuige. “Ach,” ar seisean agus é ag fágáil slán acu, “tiocfaidh mé ar ais arís chugaibh, más toil le Dia é.” Chuir sé chun farraige ó Eifeasas ²²agus tháinig i dtír i gCéasaráia. Ansin chuaigh sé suas (go Iarúsailéim) ag beannú don phobal naofa ann agus as sin síos go hAintíoch. ²³Tar éis dó tamall aimsire a thabhairt ann, ghluais sé chun siúil agus i ndiaidh a chéile thaistil sé dúiche Ghalaite agus Fhrigia ag treisiú leis na deisceabail go léir.

Apollós in Eifeasas

²⁴Tháinig go hEifeasas Giúdach darbh ainm Apollós. Alastráineach ba ea é ó dhúchas, é dea-labhartha agus sáraithe ar na scríoptúir. ²⁵Bhí oiliúnt faighte aige ar bhealach an Tiarna, agus cé go labhraíodh sé go díograiseach agus go dtugadh sé teagasc cruinn faoi Íosa, ní raibh ar eolas aige ach baisteadh Eoin. ²⁶Thosaigh sé ag labhairt go dána sa tsionagóg agus nuair a chuala Priscille agus Acula é, thug siad leo abhaile é agus thug léiriú ní ba chruinne dó ar bhealach an Tiarna. ²⁷Agus ó tharla go raibh fonn air dul go hAcháia thug na bráithre spreagadh dó agus scríobh siad chun na ndeisceabal thall á iarraidh orthu fáilte a chur roimhe. Agus ar theacht go Corant dó, trí ghrásta Dé ba mhór an chabhair do na creidmhigh é, ²⁸mar gur sháraigh sé na Giúdaigh go rábach in argóint phoiblí, á thaispeáint ar fhianaise na scríoptúr gurb é Íosa an Críost.



Pól in Eifeasas

19Le linn d’Apollós bheith i gCorant, bhí Pól ag taisteal trí na críocha intíre nó gur tháinig sé go hEifeasas. Fuair sé roinnt deisceabal ansiúd roimhe ²agus nuair a d’fhiafraigh sé díobh an bhfuair siad an Spiorad Naomh nuair a chreid siad, is é freagra a thug siad air: “Níor chualamar fiú amháin an Spiorad Naomh a bheith ann.” ³“Agus cén baisteadh a fuair sibh más ea?” ar sé. “Baisteadh Eoin a tugadh dúinn,” ar siadsan. ⁴Dúirt Pól leo: “Is baisteadh aithrí a dhéanadh Eoin agus deireadh sé leis an bpobal nárbh fholáir dóibh creidiúint sa té a bhí le teacht ina dhiaidh, is é sin in Íosa.” ⁵Ar chloisteáil an méid sin dóibh, baisteadh in ainm an Tiarna Íosa iad ⁶agus nuair a leag Pól a lámha orthu tháinig an Spiorad Naomh anuas orthu agus thosaigh siad ag labhairt i dteangacha agus ag déanamh tairngreachta. ⁷Tuairim is dáréag acu a bhí ann ar fad.

⁸Thug Pól trí mhí ag dul isteach sa tsionagóg, ag labhairt go dána leis an bpobal, ag argóint agus ag áiteamh leo mar gheall ar ríocht Dé. ⁹Ach nuair a thosaigh cuid acu ag cur suas go dolba den chreideamh agus ag cáineadh an Bhealaigh os comhair an phobail, d’fhág Pól ann iad, thóg leis a dheisceabail agus bhíodh ag díospóireacht gach lá i scoil Thuránais. ¹⁰Lean an scéal mar sin ar feadh dhá bhliain ar shlí nach raibh duine dár chónaigh san Áise, Giúdach ná Gréagach, nár chuala briathar an Tiarna.

¹¹Bhí míorúiltí neamhghnácha á ndéanamh ag Dia trí Phól: ¹²ciarsúirí agus naprúin fiú amháin a chuimil dá chraiceann, nuair a thugtaí go dtí na daoine tinne iad, d’fhágadh na galair iad agus d’imíodh na spioraid mhallaithe astu. ¹³Cuid de na Giúdaigh freisin a bhíodh ag gabháil timpeall ag díbirt na n-ainspiorad, rinne siad iarracht ar ainm an Tiarna



Íosa a rá mar bhriocht ar na daoine a raibh na spioraid mhallaithe iontu. “Cuirim oraibh,” a deiridís, “as ucht Íosa Críost a bhíonn á fhógairt ag Pól.”

¹⁴Bhí seachtar mac le Scaeva, ardsagart Giúdach, á dhéanamh seo, ¹⁵ach d’fhreagair an spiorad mallaithe iad: “Tá aithne agam ar Íosa agus tá eolas agam ar Phól ach cé sibhse?” ¹⁶Agus an duine a raibh an spiorad mallaithe ann léim sé chucu agus threascair iad go léir agus ghabh chomh tréan sin orthu gur theith siad ón teach sin go lomnocht basctha. ¹⁷Fuair gach duine in Eifeasas, idir Ghiúdach agus Ghréagach, eolas ar an scéal seo agus chuir sé uafás orthu go léir, ar shlí gur móradh ainm an Tiarna Íosa. ¹⁸Agus mórán acu seo a ghlac an creideamh tháinig siad ag admháil a gcuid gníomhaíochtaí féin agus ag tabhairt cuntais orthu. ¹⁹Cuid mhaith acu siúd a bhíodh ag cleachtadh na draíochta, thug siad leo a gcuid leabhar agus dhóigh iad i bhfianaise chách. Chuir siad a luach le chéile agus fuair siad gurbh fhiú caoga míle píosa airgid iad. ²⁰Ar an gcuma éachtach sin tháinig fás agus neart faoi bhriathar an Tiarna.

²¹Nuair a bhí an méid sin curtha i gcrích aige, shocraigh Pól ina aigne go dtabharfadh sé cúrsa na Macadóine agus Acháia agus go rachadh sé as sin go Iarúsailéim. “Tar éis dom dul go Iarúsailéim,” ar seisean, “ní mór dom an Róimh freisin a fheiceáil.” ²²Dá réir sin chuir sé beirt dá chúntóirí, Tiomóid agus Earastas, go dtí an Mhacadóin agus d’fhan sé féin tamall eile san Áise.



Callán sa Chathair

²³Timpeall na haimsire seo tharla achrann mór mar gheall ar an mBealach. ²⁴Bhí gabha geal ann darbh ainm Déimitrias a bhíodh ag déanamh mionsamhailteacha airgid de theampall Airtimis agus a chuireadh mórán oibre ar fáil do na ceardaithe. ²⁵Ghlaoigh sé na ceardaithe sin i gceann a chéile agus na hoibreoirí eile a raibh baint acu leis an ngnó agus labhair sé leo: “A fheara,” ar seisean, “mar is eol daoibh is ar an gceird seo atá ár rathúnas ag brath. ²⁶Tá sé le feiceáil agus le cloisteáil agaibh féin, áfach, go bhfuil slua mór daoine iompaithe uainn lena chuid áitimh ag an bPól seo – agus ní in Eifeasas amháin é ach beagnach ar fud na hÁise ar fad – mar go mbíonn sé á rá nach déithe ar chor ar bith na déithe a dhéantar le lámha daonna. ²⁷Is é baol atá ann nach ea amháin go dtarraingeofar míchlú ar an ngnó seo againne ach go ndéanfar beagní de theampall an bhandé mhóir Airtimis agus go gcaillfidh Airtimis féin a gradam – bandia a bhfuil urraim á tabhairt di ar fud na hÁise agus ar fud an domhain mhóir.”

²⁸Ar chloisteáil na cainte sin dóibh tháinig confadh buile orthu agus thosaigh siad ag liúireach: “Airtimis na nEifeasach abú.” ²⁹Leath an gleo ar fud na cathrach; rug siad ar Gháias agus Arastarchos, beirt Mhacadónach a bhí ina gcompánaigh ag Pól, agus rith siad leo in éineacht isteach san amharclann. ³⁰Ba mhian le Pól dul isteach chun an tslua ach ní ligfeadh na deisceabail dó é. ³¹Agus cuid de na huachtaráin chúige féin a bhí mór leis, chuir siad scéala chuige á mholadh dó gan é féin a thaispeáint san amharclann.

³²Bhí duine á scairteadh seo agus duine eile á scairteadh siúd; bhí an cruinniú ina chíríib agus gan a fhios ag an bhformhór cad a thug i gceann a chéile iad.



³³Srac siad Alastar amach as an slua, fear a raibh na Giúdaigh á shá chun tosaigh. Thug Alastar comhartha láimhe dóibh bheith ina dtost d'fhonn é féin a chosaint os comhair an tslua. ³⁴Ach nuair a d'aithin siad gur Ghiúdach é, thóg siad liú d'aonghuth: “Airtimis na nEifeasach abú,” agus lean siad de ar feadh dhá uair a chloig.

³⁵Faoi dheireadh chuir cléireach an bhaile an slua chun suaimhnis agus labhair sé leo: “A mhuintir Eifeasas,” ar seisean, “an bhfuil duine ar bith nach bhfuil a fhios aige gurb í cathair Eifeasas is caomhnóir ar theampall Airtimis Móire agus ar a hÍomhá a thit ó neamh? ³⁶Níl ceist ar dhuine ar bith faoin méid sin. Ní mór daoibh, dá bhrí sin guaim a choinneáil oraibh féin agus gan aon ní meargánta a dhéanamh. ³⁷Thug sibh na fir seo i láthair gan dia-aithis ná diamhasladh tugtha acu dár mbandia. ³⁸Dá réir sin má tá aon chúis ag Déimitrias agus a chuid ceardaithe ar dhuine ar bith, tá cúirteanna ann agus próchonsail agus cuiridís an dlí ar a chéile ansiúd. ³⁹Ach má tá aon éileamh breise le déanamh agaibh, réiteofar an scéal i dtionól dlíthiúil den phobal. ⁴⁰Mar tá baol ann go gcuirfear círeib inár leith tar éis gnó an lae inniu, agus gan aon chúis againn a d'fhéadfaimis a thabhairt mar leithscéal ar an gclampar seo.”

Nuair a bhí an méid sin ráite aige scoir sé an cruinniú.

Turas Phóil ar an Macadóin agus ar an nGréig

20 Nuair a mhaolaigh ar an rír, chuir Pól fios ar na deisceabail agus tar éis comhairle a thabhairt dóibh d'fhág sé slán acu agus d'imigh leis go dtí an Mhacadóin. ²Nuair a bhí na críocha sin síúlta aige agus mórán spreagadh á thabhairt aige do na Críostaithe,



tháinig sé go dtí an Ghréig agus thug trí mhí ann. ³Bhí sé ar tí dul ar bord loinge go dtí an tSír nuair a rinne na Giúdaigh comhcheilg ina choinne. Chinn sé dá bhrí sin ar dhul ar ais tríd an Macadóin. ⁴Chuaigh Sópataer mac Phurais, Bearóiach, lena chois, agus beirt Teasalónach, Arastarchos agus Seacundas, agus Gáias Deirbéach agus Tiomóid agus beirt Áiseach, Tichiceas agus Troifimeas. ⁵Chuaigh siadsan ar aghaidh romhainn agus d’fhan siad linn i dTróas. ⁶Sheolamarna ó Philipí i ndiaidh feile an tSlimaráin agus faoi chionn cúig lá thangamar chucu go Tróas, agus thugamar seacht lá ann.

Seanmóir Fhadálach i dTróas

⁷Nuair a thangamar le chéile tráthnóna an chéad lá den tseachtain chun arán a bhriseadh, thug Pól seanmóir dóibh mar bhí sé le himeacht lá arna mhárach agus lean sé ag caint go dtí meán oíche. ⁸Bhí lampaí go leor ar lasadh sa seomra uachtarach ina rabhamar cruinnithe. ⁹Bhí ógánach darbh ainm Eutachos ina shuí ar leac na fuinneoige agus de réir mar a chuaigh caint Phóil chun fadála thit sé ina chnap codlata agus leis an gcodladh a bhí air thit sé ón tríú hurlár go talamh síos agus nuair a tógadh é bhí sé marbh. ¹⁰Chuaigh Pól síos chuige agus chaith sé é féin air, agus ag breith barróige air, dúirt sé: “Ná bíodh aon bhuaire oraibh! Tá an t-anam ann.” ¹¹Ansin chuaigh sé in airde arís, bhris an t-arán leo agus chaith sé a chuid. Agus bhí comhrá fada aige leo as sin go maidin. D’imigh sé chun siúil ansin. ¹²Thug siadsan an buachaill leo agus é go beo beathach, agus sólás thar na bearta orthu.



¹³Chuamarna ar aghaidh go dtí an long agus seo chun siúil linn go dtí Asos, áit a rabhamar chun Pól a thógáil ar bord de réir mar a bhí socraithe aige – mar bhí sé féin le dul ann dá chois. ¹⁴Nuair a bhuail sé linn in Asos, thógamar ar bord é agus thángamar go Míléiné ¹⁵agus sheolamar linn as sin agus amárach a bhí chugainn bhíomar os comhair Chíos. Sroicheadar Samos an lá dár gcionn agus an lá ina dhiaidh sin bhaineamar amach Míléatas. ¹⁶Bhí socair ag Pól seoladh thar Eifeasas i dtreo nach gcuirfí aon mhoill air san Áise mar bhí dithneas air chun bheith in Iarúsailéim i gcomhair lá Cincíse dá mba fhéidir dó é. ¹⁷Chuir sé scéala ó Mhíléatas go hEifeasas dá bhrí sin á iarraidh ar sheanóirí na hEaglaise teacht chuige. ¹⁸Agus nuair a bhí siad tagtha chuige, labhair seo leo mar a leanas.

Aitheasc do Sheanóirí Eifeasas

“Tá a fhios agaibh an chuma inar chaith mé gach nóiméad fad a bhí mé in bhur measc ón gcéad lá a leag mé cos lánuiríseal deorach san Áise, ¹⁹go raibh mé i mo sheirbhíseach lándeorach don Tiarna ainneoin gach cros dár rug orm trí chealga na nGiúdach; ²⁰nár cheil mé oraibh rud ar bith a rachadh chun sochair daoibh ach é a fhógairt agus a theagasc daoibh os comhair an tsaoil agus in bhur dtithe; ²¹d’fhógair mé ar Ghiúdaigh agus ar Ghréagaigh araon iompú chun Dé agus creidiúint inár dTiarna Íosa. ²²Agus anois, féach, agus mé i mo chime ag an Spiorad táim ag dul suas go Iarúsailéim agus gan a fhios agam céard atá in áirithe dom ann ²³ach amháin go bhfuil an Spiorad Naomh á dhearbhu dom in gach cathair dá dtéim gur géibheann agus piolóidí atá ann i mo chomhair. ²⁴Ach



ní fiú tráithnín liom mo bheatha dom féin chomh fada agus a thugaim mo chúrsa agus go gcomhlíonaim an dualgas úd a leag an Tiarna Íosa orm: fianaise a thabhairt ar dhea-scéal ghrásta Dé.

²⁵“Tá a fhios agam anois nach bhfeicfidh sibhse mo ghnúis níos mó, sibhse go léir ar shiúil mé in bhur measc ag fógairt na ríochta. ²⁶Dearbhaím daoibh inniu féin, dá bhrí sin, nach bhfuilim freagrach i bhfuil aon duine riamh agaibh, ²⁷mar níor staon mé ó bheartas Dé a fhógairt daoibh ina iomláine. ²⁸Tugaigí aire daoibh féin mar sin agus don tréad ar fad a bhfuil sibh ceaptha in bhur maoir air ag an Spiorad Naomh chun bheith in bhur n-aoirí ar an Eaglais a cheannaigh sé dó féin lena chuid fola.

²⁹“Tá a fhios agam nuair a bheidh mise imithe go dtiocfaidh in bhur measc faolchúnna craosacha nach mbeidh trua ná taise don tréad acu. ³⁰Agus tá daoine agaibh féin a éireoidh agus a thabharfaidh teagasc claon d’fhonn deisceabail a mhealladh chucu. ³¹Bígí ag faire dá bhrí sin agus cuimhnígí air nár stad mise ar feadh trí bliana ach ag tabhairt comhairle don uile dhuine agaibh de lá is d’oíche agus na deora i mo shúile. ³²Fágaim sibh anois faoi choimirce Dé agus bhriathar a ghrásta atá in ann sibh a thógáil suas agus oidhreacht a thabhairt daoibh i measc an phobail naofa go léir. ³³Níor shantaigh mé ór ná airgead ná éadach le duine ar bith. ³⁴Tá a fhios agaibh féin gurb iad na lámha seo a choinnigh riar ár gcáis liom féin agus le mo chompánaigh. ³⁵Chuir mé ar bhur súile daoibh i gcónaí gur ag obair mar sin ba cheart cabhrú leis na laga agus cuimhneamh ar ráiteas úd an Tiarna mar a ndúirt sé gur mó is méanar rud a thabhairt uait ná rud a fháil.”

³⁶Nuair a bhí an méid sin ráite aige, lig sé é féin ar a ghlúine agus rinne sé guí chun Dé leo go léir. ³⁷Bhí siad go léir ag gol go fuíoch, iad á gcaitheamh féin ar bhráid Phóil agus



á mhúchadh le póga. ³⁸ Is é rud a chuir an chumha ar fad orthu, an focal úd a dúirt sé nach bhfeicfidís a ghnúis ní ba mhó. Agus rinne siad é a thionlacan chun na loinge.

Pól ar a Bhealach go Iarúsailéim

21 D'fhágamar slán acu agus bhogamar chun bealaigh. Chuamar caol díreach go Cós agus an lá ina dhiaidh sin go Rodas agus as sin go Patara. ²Fuaireamar long ansiúd a bhí ag dul go Féinicé; chuamar ar bord agus ghluaiseamar chun bealaigh ³nó gur thángamar i radharc na Cipire. D'fhágamar í ar an mbord clé agus sheolamar linn go dtí an tSír agus chuamar i dtír sa Tuír mar is ansiúd a bhí an bád le díluchtú. ⁴Fuaireamar roinnt deisceabal agus d'fhanamar ann ar feadh seachtaine. Dúirt na deisceabail sin le Pól faoi luí an Spioraid gan dul go Iarúsailéim. ⁵Ach nuair a bhí na laethanta caite againn, ghluaiseamar chun bealaigh agus iad go léir agus a gcuid ban agus páistí dár dtionlacan nó go rabhamar lasmuigh den chathair. Chuamar ar ár nglúine ar an trá ag guí, ⁶agus d'fhágamar slán ag a chéile; chuamarna ar bord na loinge agus chas siadsan ar ais abhaile.

⁷Leanamar dár dturas ón Tuír nó gur thángamar go Ptolamaís. Bheannaíomar do na bráithre agus d'fhanamar acu aon lá amháin. ⁸D'imíomar linn an lá dár gcionn agus shroicheamar Céasaráia. Chuamar isteach i dteach Philip Soiscéalaí, duine den seachtar, agus d'fhanamar aige. ⁹Bhí ceathrar iníon aige, maighdeana, a raibh bua na tairngreachta acu. ¹⁰Bhí tamall caite againn i gCéasaráia nuair a tháinig fáidh darbh ainm Agabas anuas ó Iúdáia. ¹¹Nuair a tháinig sé inár leith, thóg sé crios Phóil agus cheangail a chosa agus a lámha féin, á rá: “Seo mar a deir an Spiorad Naomh: an fear ar leis an crios seo,



ceanglóidh na Giúdaigh mar sin é in Iarúsailéim agus tabharfaidh siad ar láimh do na gintlithe é.”¹² Nuair a chualamar an chaint sin, d’impíomar féin agus muintir na háite air gan dul suas go Iarúsailéim.¹³ Ach d’fhreagair Pól ansin: “Cad ab áil libh bheith ag olagón mar sin agus ag scóladh an chroí ionam? Táim ullamh ní amháin le mo cheangal ach leis an mbas féin a fhulaingt ar son ainm an Tiarna Íosa in Iarúsailéim.”¹⁴ Nuair nach ndéanfadh sé rud orainn, ní dúramar a thuilleadh ach: “Toil an Tiarna go ndéantar.”

¹⁵Tar éis na laethanta sin, d’ullmhaíomar chun bóthair agus suas linn go Iarúsailéim.

¹⁶Tháinig cuid de na deisceabail ó Chéasaráia lenár gcois agus thug siad sinn go dtí teach Mhnásóin, seandisceabal ón gCipir, go mbeimis ar lóistín aige.

Pól ag Tabhairt Cuairte ar Shéamas

¹⁷Ar theacht dúinne go Iarúsailéim, chuir na bráithre na fáiltí geala romhainn¹⁸ agus lá arna mhárach chuaigh Pól ar cuairt linn chuig Séamas. Bhí na seanóirí go léir i láthair.

¹⁹Bheannaigh Pól dóibh agus d’aithris dóibh tríd síos gach a raibh déanta ag Dia i measc na gintlithe trína chuid freastail.²⁰ Agus nuair a chuala siadsan an scéal, thug siad glóir do Dhia dá chionn. Ansin dúirt siad: “Feiceann tú féin, a bhráithair, a liacht míle duine de na Giúdaigh a bhfuil an creideamh glactha acu agus atá siad go léir dúthrachtach don dlí.

²¹Tá scéala faighte acu ortsa, áfach, go mbíonn tú ag teagasc na nGiúdach go léir a bhfuil cónaí orthu i measc na gintlithe a gcúl a thabhairt do Mhaois, á rá leo gan a bpáistí a thimpeallghearradh ná na gnásanna a chleachtadh.²² Cad atá le déanamh mar sin? Mar níl aon amhras ná go gcloisfidh siad go bhfuil tú tagtha.²³ Dá bhrí sin, déan mar a deirimid



leat. Tá ceathrar fear againn anseo a bhfuil móid orthu. ²⁴Beir leat iad agus déan tú féin a íonghlánadh in éineacht leo agus íoc an costas dóibh le go ndéanfaidh siad a gceann a bhearradh. Beidh a fhios ag cách ansin nach bhfuil aon bhonn lena bhfuil cloiste acu i do thaobh ach go leanann tú féin ag coimeád an dlí. ²⁵Maidir leis na gintlithe a bhfuil an creideamh glactha acu, chuireamar féin litir chucu a achtú dóibh staonadh ó bhia íobartha, ó fhuil, ó bhia a tachtadh agus ón bpósadh coil.”

²⁶Rug Pól na fir leis agus lá arna mhárach, tar éis dó é féin a íonghlánadh in éineacht leo, chuaigh sé isteach sa Teampall ag fógairt an lae a mbeadh tréimhse an íonghlanta thart agus a ndéanfaí an ofráil ar son gach duine acu.

Pól á Ghabháil

²⁷Bhí an seacht lá chóir a bheith críochnaithe nuair a chonaic na Giúdaigh ón Áise sa Teampall é. Thóg siad callán i measc an tslua go léir agus ghreamaigh siad Pól ²⁸ag glao in ard a ngutha: “Cabhair, a fheara Iosrael. Seo é an duine úd a bhíonn gach aon bhall ag teagasc chách in aghaidh ár gcine agus in aghaidh an dlí agus in aghaidh na háite seo. Agus ní amháin sin ach rug sé Gréagaigh isteach sa Teampall leis agus sháraigh an áit naofa seo.” ²⁹Is amhlaidh a bhí siad tar éis Troifimeas ó Eifeasas a fheiceáil ina theannta sa chathair agus cheap siad go raibh Pól tar éis é a thabhairt isteach sa Teampall. ³⁰Leath an gleo ar fud na cathrach go léir; rith an slua le chéile agus rug siad ar Phól agus tharraing amach as an Teampall é. Dúnadh na doirse láithreach.



³¹Bhí siad ag iarraidh Pól a mharú nuair a tháinig scéal chun ceannasaí an díorma go raibh Iarúsailéim ar fad ina círéib. ³²Thug seisean saighdiúirí agus taoisigh chéad leis láithreach agus tháinig ar sodar faoina ndéin. Nuair a chonaic siad an ceannasaí agus na saighdiúirí chucu stad siad de bhualadh Phóil. ³³Chuaigh an ceannasaí suas chuige agus ghabh é agus d’ordaigh é a cheangal le dhá shlabhra. D’fhiafraigh sé ansin cérbh é agus cad a bhí déanta aige. ³⁴Thosaigh daoine sa slua á rá seo agus daoine eile á rá siúd agus nuair nár éirigh leis aon eolas cinnte a fháil mar gheall ar an ngleo, d’ordaigh sé é a thabhairt isteach sa dúnfort. ³⁵Nuair a shroich sé na céimeanna bhí an slua chomh fíochmhar sin go raibh sé á iompar ag na saighdiúirí, ³⁶mar bhí an slua ar fad ar na sála orthu agus iad ag screadach: “Tóg uainn é.” ³⁷Agus Pól ar tí a thabhairt isteach sa dúnfort, dúirt sé leis an gceannasaí: “An bhfuil cead agam labhairt leat?” D’fhreagair seisean: “An bhfuil Gréigis agat?” ³⁸Ní tú mar sin an tÉigipteach úd a chuir an cheannairc ar bun tamall ó shin agus a sheol an ceithre mhíle de na meirlich amach san fhásach?” ³⁹“Is Giúdach ó Tharsas na Siléise mé,” d’fhreagair Pól, “is saoránach de chathair nach suarach mé. Iarraim ort cead a thabhairt dom labhairt leis an slua.” ⁴⁰Thug sé an cead dó agus sheas Pól ar na céimeanna agus d’fhógair ciúnas ar an slua le comhartha láimhe. Tháinig ciúnas domhain orthu agus labhair sé leo sa teanga Eabhra mar a leanas.

Pól á Chosaint Féin

22 “A bhráithre agus a aithreacha, éistigí lena bhfuil le rá agam chun mo chosanta.”
²Nuair a chuala siad ag labhairt sa teanga Eabhra é, d’éirigh siad ní ba chiúine fós.



³Lean sé air: “Is Giúdach mise a rugadh i dTarsas na Siléise; tógadh sa chathair seo mé i mo dhalta ag Gamailéil. Fuair mé oiliúint bheacht i ndlí ár sinsear agus bhí mé chomh dúthrachtach chun Dé agus atá sibhse go léir inniu. ⁴Rinne mé géarleanúint go bás ar an mBealach seo. Bhíodh fir agus mná á ngabháil agam agus á gcur i bpríosún. ⁵Tá an t-ardsagart agus comhairle na seanóirí ina bhfinnéithe agam air sin. Go deimhin fuair mé litreacha uathu do na bráithre agus bhí mé ar mo bhealach go Damaisc chun an dream a bhí ann a ghabháil agus a thabhairt ar ais go Iarúsailéim go gcuirfí pionós orthu, ⁶ach tharla agus mé ar an tslí ag druidim le Damaisc, timpeall meán lae gur las solas mór ó neamh go tobann i mo thimpeall. ⁷Thit mé go talamh agus chuala mé an guth á rá liom: ‘A Shóil, a Shóil, cad chuige a bhfuil tú do mo ghéarleanúint?’ ⁸‘Cé thú féin, a thiarna?’ arsa mise á fhreagairt. ‘Is mé Íosa Nazórach atá agat á ghéarleanúint,’ ar seisean. ⁹Iad seo a bhí le mo chois, chonaic siad an solas ach níor chuala siad glór an té a bhí ag caint liom. ¹⁰Dúirt mé ansin: ‘Cad atá le déanamh agam, a thiarna?’ Agus dúirt an Tiarna liom: ‘Éirigh i do sheasamh, lean ort go Damaisc agus inseofar ansin duit gach ní atá ceaptha duit le déanamh.’ ¹¹Bhí gile an tsolais úd tar éis mé a dhalladh agus rug mo chomrádaithe ar lámh orm agus tháinig mé isteach i nDamaisc.

¹²“Bhí fear darbh ainm Anainias, fear a bhí fíréanta de réir an dlí agus meas air ag na Giúdaigh go léir a chónaigh ann, ¹³agus tháinig sé chugam, agus sheas sé os mo chomhair á rá liom: ‘A Shóil, a bhráthair, bíodh do radharc arís agat.’ Agus ar an spota bhí mo radharc agam arís. ¹⁴Ansin dúirt sé liom: ‘Tá sé ceaptha roimh ré ag Dia ár sinsear duit go mbeadh fios a thola agat, go bhfeicfeá an Fíréan agus go gcloisfeá glór a bhéil féin.

¹⁵Mar beidh tú i do fhinné aige os comhair an uile dhuine ar a bhfuil feicthe agus cloiste



agat. ¹⁶ Anois cad é an mhoill atá ort? Éirigh i do sheasamh, déantar thú a bhaisteadh agus do pheacaí a ní díot féin trí ghlaoch ar a ainm.’

¹⁷“Chuaigh mé ar ais go Iarúsailéim, agus le linn dom bheith ag guí sa Teampall, thit mé i dtámhnéal agus ¹⁸ chonaic mé é agus é á rá liom: ‘Brostaigh, agus imigh leat go tapa as Iarúsailéim mar ní ghlacfaidh siad le do chuid fianaise ormsa.’ ¹⁹ ‘Ach, a Thiarna,’ arsa mise leis, ‘nach bhfuil a fhios acu go maith go mbímse ag dul ó shionagóg go sionagóg ag cur na ndaoine a chreideann ionatsa i bpríosún agus á sciúrsáil?’ ²⁰ ‘Fiú amháin nuair a bhí fuil do fhinné Stiofán á doirteadh, bhí mé féin ar an láthair ag toiliú leis agus ag coimeád a n-éadaí do lucht a mharaithe.’ ²¹ Agus is é a dúirt sé liom: ‘Gluais leat, mar is ag triall ar na gintlithe i bhfad ó bhaile a chuirfidh mé thú.’”

Pól agus an Ceannasaí Rómhánach

²² D’éist an slua leis go dtí gur dhúirt sé an abairt sin. Ansin scread siad in ard a ngutha: “Cuir den saol an duine sin; ní ceart a leithéid a bheith beo.” ²³ Agus bhí siad ag liúireach, ag croitheadh a gcuid éadaigh agus ag caitheamh deannaigh san aer.

²⁴ D’ordaigh an ceannasaí é a thabhairt isteach sa dúnfort agus dúirt é a cheistiú faoin lasc féachaint cén fáth a raibh siad ag liúireach mar sin air. ²⁵ Ach nuair a bhí sé ceangailte leis na hiallacha acu, dúirt Pól leis an taoiseach céad a bhí ansiúd: “An bhfuil sé ceadaithe daoibhse saoránach Rómhánach a léasadh agus gan aon chúirt curtha air go fóill?”

²⁶ Nuair a chuala an taoiseach céad an méid sin, chuaigh sé go dtí an ceannasaí: “Cad a mheasann tú a dhéanamh?” ar seisean leis, “is saoránach Rómhánach é siúd.” ²⁷ Chuaigh



an ceannasaí anonn go Pól. “Inis dom”, ar seisean, “an saoránach Rómhánach tusa.” “Is ea,” arsa Pól. ²⁸Dúirt an ceannasaí á fhreagairt: “Sea, is daor a cheannaigh mé féin an tsaorántacht sin.” “Tá sí agamsa ó dhúchas,” d’fhreagair Pól. ²⁹An mhuintir a bhí chun é a cheistiú, chúlaigh siad uaidh laithreach. Bhí eagla ar an gceannasaí freisin nuair a fuair sé amach gur shaoránach Rómhánach é agus é féin tar éis é a cheangal.

Pól i Láthair na Comhairle

³⁰Lá arna mhárach, d’fhonn a fháil amach cad é go cruinn a bhí á chur ina leith ag na Giúdaigh, scaoil sé é agus chuir fios ar na hardsagairt agus ar an tsainidrin ar fad. Ansin thug sé Pól anuas agus chuir ina sheasamh os a gcomhair é.

23 Labhair Pól leis an tsainidrin agus é ag cur na súl tríothu: “A bhráithre,” ar seisean, “níl scrupall dá laghad ar mo choinsias faoin gcuma inar iompair mé mé féin i bhfianaise Dé go dtí an lá atá inniu ann.” ²Leis sin d’ordaigh Anainias, an t-ardsagart, dóibh sin a bhí ina seasamh in aice leis Pól a bhualadh sa bhéal. ³Ansin d’iompaigh Pól air: “Buailfidh Dia thusa, a bhalla aolta,” ar seisean. “An bhfuil tú i do shuí ansin ag tabhairt breithiúnais ormsa de réir an dlí agus tú féin ag sárú an dlí ag ordú mo bhualadhsa?” ⁴An mhuintir a bhí ina seasamh ina aice, dúirt siad le Pól: “An ag tabhairt achasáin don ardsagart atá tú?” ⁵D’fhreagair Pól: “Ní raibh a fhios agam, a bhráithre, gurb é an t-ardsagart é, mar tá scríofa: ‘Ná habair aon drochní mar gheall ar phrionsa an phobail.’”



⁶Nuair a d’ aithin Pól gur de bhuíon na Sadúcach cuid acu agus gur de bhuíon na bhFairiséach an chuid eile dúirt sé sa tsainidrin in ard a ghutha: “A bhráithre, is Fairiséach mise agus is de shliocht na bhFairiséach mé. Is mar gheall ar an dóchas agus ar aiséirí na marbh atáim ar mo thriail anseo.” ⁷Ní raibh an méid sin ráite aige nuair a d’ éirigh achrann idir na Fairisínigh agus na Sadúcaigh agus bhí an cruinniú scoilte ina dhá chuid, ⁸mar go ndeir na Sadúcaigh nach bhfuil aiséirí ann ná aingeal ná spiorad agus creideann na Fairisínigh i ngach ceann acu.

⁹Mhéadaigh ar an ngleo, agus d’ éirigh roinnt scríobhaithe de chuid na bhFairiséach agus thosaigh siad ag maíomh go colgach: “Ní fhaighimid aon locht ar an bhfear seo. Más ea féin gur labhair aingeal nó spiorad leis ...” ¹⁰Bhí an t-achrann ag dul chomh mór sin i méid go raibh eagla ar an gceannasaí go srafaí Pól as a chéile; dá bhrí sin d’ordaigh sé don arm dul síos agus Pól a tharrtháil uathu agus é a thabhairt isteach sa dúnfort.

¹¹An oíche dár gcionn sheas an Tiarna láimh leis agus dúirt: “Bíodh misneach agat. Faoi mar atá fianaise tugtha agat orm anseo in Iarúsailéim, ní mór duit fianaise a thabhairt ar an gcaoi chéanna sa Róimh freisin.”

Comhcheilg á Bear tú

¹²Nuair a bhí sé ina lá, tháinig roinnt de na Giúdaigh le chéile agus chuaigh siad faoi gheasa gan bia ná deoch a chaitheamh nó go mbeadh Pól marbh acu. ¹³Bhí breis agus daichead acu a thug brí na mionn sin le chéile. ¹⁴Ansín chuaigh siad go dtí na hardsagairt agus na seanóirí agus dúirt leo: “Ghabhamar de gheasa orainn féin gan aon ní a



bhlaiseadh nó go mbeidh Pól marbh againn.¹⁵ Dá bhrí sin cuirigí sibhse agus an tsainidrín scéala chun an ceannasaí á iarraidh Pól a chur anuas chugaibh mar dhea gur mhaith libh a chás a fhiosrú ní ba chruinne. Agus beimidne réidh chun é a dhíothú sula mbeidh sé tagtha i ngar.”

¹⁶Fuair mac deirféar Phóil cogar scéil an luíocháin, áfach. Chuaigh sé go dtí an dúnfort agus isteach leis ag insint an scéil do Phól.¹⁷ Ghlaoiigh Pól ar dhuine de na taoisigh chéad agus dúirt leis: “Tabhair leat an gasúr seo go dtí an ceannasaí mar tá scéala aige le hinsint dó.”¹⁸ Thóg sé leis é go dtí an ceannasaí agus dúirt: “Chuir an príosúnach Pól fios orm agus d’iarr orm an gasúr seo a thabhairt chugat mar go bhfuil rud aige le rá leat.”¹⁹ Rug an ceannasaí ar láimh ar an ngasúr, chuaigh i leataobh leis agus d’fhiafraigh de: “Cén scéal atá agat le hinsint dom?”²⁰ “A leithéid seo,” arsa an gasúr, “tá socair ag na Giúdaigh a iarraidh ortsa Pól a chur síos amárach go dtí an tsainidrín, mar dhea gur mhaith leo a chás a scrúdú ní ba chruinne.”²¹ Ach ná déansa rud orthu, mar tá breis agus daichead duine acu ag déanamh luíocháin air mar tá siad faoi gheasa gan bia ná deoch a chaitheamh nó go mbeidh sé curtha den saol acu. Tá siad ullamh anois chuige agus iad ag feitheamh le gealltanais uaitse.”

Pól á chur go Féilix Gobharnóir

²²Scaoil an ceannasaí an gasúr chun siúil tar éis a rá leis: “Ná hiniis do dhuine ar bith gur nocht tú an scéal seo dom.”²³ Chuir sé fios ansin ar bheirt de na taoisigh chéad agus dúirt leo: “Bíodh dhá chéad saighdiúirí ullamh agaibh ar an tríú huair anocht chun dul go



Céasaráia agus seachtó marcach chomh maith agus dhá chéad sleádoirí. ²⁴ Agus bíodh beithígh iompair agaibh ar a gcuirfeadh sibh Pól agus é a thabhairt slán go dtí an Gobharnóir Féilix.” ²⁵ Agus scríobh sé litir ar an aiste seo a leanas:

²⁶“Beatha agus sláinte ó Chluidias Lisias chun an Ghobharnóra ró-oirire Féilix. ²⁷ Bhí beirthe ag na Giúdaigh ar an bhfear seo agus iad ar tí é a chur chun báis nuair a tháinig mé orthu leis an arm; tharrthaigh mé uathu é nuair a fuair mé amach gur saoránach Rómhánach é. ²⁸ Ansin d’fhonn a fháil amach cén chúis a bhí acu á chur ina leith, thóg mé chun a sainidríne é. ²⁹ Fuair mé amach gur mar gheall ar phointí áirithe dá ndlí féin a bhí siad á chúiseamh agus nach raibh aon ní ina choinne a thuillfeadh bás ná príosún. ³⁰ Ach nuair a cuireadh in iúl dom go bhfuil comhcheilg déanta ina choinne, sheol mé chugatsa gan mhoill é agus d’ordaigh mé dá chúiseoirí a ngearán faoi a dhéanamh i do láthairse.”

³¹ Rinne na saighdiúirí mar a dúradh leo agus thóg siad Pól agus rug leo san oíche é chomh fada le hAntapaitris. ³² Lá arna mhárach tháinig siad ar ais go dtí an dúnfort agus lig do na marcaigh é a thionlacan. ³³ Nuair a shroich siad Céasaráia, sheachaidh siad an litir don ghobharnóir agus thug Pól ar láimh dó chomh maith. ³⁴ Léigh sé an litir agus d’fhiafraigh cén cúige arbh as dó; agus nuair a fuair sé fios gurbh as an tSiléis dó, dúirt sé: ³⁵“Éistfidh mé leat ar ball nuair a bheidh lucht do chúisithe anseo.” Agus d’ordaigh sé é a chur faoi choimeád i bpréatóiriam Héaróid.

Pól á Chúisiú

24 Tar éis cúig lá tháinig an t-ardsagart Anainias anuas go Céasaráia, é féin agus cuid de na seanóirí agus abhcóide darbh ainm Teartullas agus thug siad faisnéis don



ghobharnóir in aghaidh Phóil. ²Nuair a glaoth isteach ar Phól, thosaigh Teartullas á chiontú mar leanas:

“A Fhéilix, ró-oirirc, an tsíocháin bhuan a chuir tú faoi réim dúinn agus na leasuithe atá tugtha isteach le barr críonnachta agat ar mhaithe lenár náisiún, ³fáiltimid rompu i gcónaí agus i ngach áit agus táimid thar a bheith buíoch mar gheall orthu. ⁴Ach chun gan an iomad moille a choinneáil ort, impím ort éisteacht linn go ceansa ar feadh tamaillín. ⁵Is crá croí dúinn an fear seo; bíonn sé ag cothú mioscaise i measc na nGiúdach ar fud an domhain agus is é an ceann é ar aicme úd na Nazórach. ⁶Bhí sé ag iarraidh an Teampall féin a shárú ach rugamar air. (Bhí sé d’aidhm againn breith a thabhairt air de réir ár ndlí féin, ⁷ach tháinig Lisias, an ceannasaí, orainn agus neart slua aige agus sciob sé as ár lámha é agus d’ordaigh sé do lucht a chiontaithe dul faoi do bhráid.) ⁸Má cheistíonn tú féin é sin, féadfaidh tú fios fáth na nithe go léir a chuirimid ina leith seo a fháil uaidh.” ⁹Thaobhaigh na Giúdaigh leis, á rá gur mar sin a bhí.

Pól á Chosaint Féin

¹⁰Nuair a sméid an gobharnóir ar Phól chun labhartha, d’fhreagair sé: “Ós eol dom go bhfuil tusa i do bhreitheamh ar an náisiún seo leis na blianta fada, táim lánsásta mo cheart a phlé. ¹¹Is féidir duit a dheimhniú duit féin nach bhfuil ann ach dhá lá dhéag ó chuaigh mé suas go Iarúsailéim chun adhradh a dhéanamh, ¹²agus ní bhfuair siad mé ag argóint le duine ar bith ná ag corraí an phobail sa Teampall ná sna sionagóga ná ar fud na cathrach. ¹³Ná níl aon chruthú acu duit ar na cionta atá siad a chur i mo leith. ¹⁴Admhaím an méid



seo, áfach, gur de réir an Bhealaigh ar a dtugann siadsan Aicme, a thugaim ómós do Dhia ár sinsear agus go gcreidim gach ní dá bhfuil de réir an dlí agus scríofa sna fáithe. ¹⁵ Agus tá an dóchas céanna as Dia agam atá acu féin, is é sin go bhfuil aiséirí le bheith ag an dea-dhuine agus ag an drochdhuine araon. ¹⁶ Déanaim mo dhícheall sa ghnó seo ar choinsias glan a bheith agam i gcónaí i bhfianaise Dé agus daoine. ¹⁷ Tar éis mórán blianta, tháinig mé chun déirc a thabhairt do mhuintir mo chine agus ofrálacha a dhéanamh. ¹⁸ Is i mbun an chúraim sin a bhí mé nuair a fuair siad sa Teampall mé. Bhí mé tar éis m'íonghlanta agus ní raibh slua ná callán ar bith ann. ¹⁹ Bhí roinnt Giúdach ann ón Áise, áfach – agus is iadsan ba chóir a bheith anseo os do chomhairse agus cibé gearán a bhí acu orm é a chur i mo leith. ²⁰ Nó abradh an mhuintir seo féin cad é an cion a fuair siad ionam agus mé i mo sheasamh os comhair na sainidríne, ²¹ taobh amuigh den aon abairt amháin úd a scread mé amach agus mé i mo sheasamh ina measc: ‘Is i dtaobh aiséirí na marbh atá breith á tabhairt ormsa inniu os bhur gcomhair.’”

²² Bhí eolas mós cruinn ag Féilix ar an mBealach agus chuir sé ar cairde iad, á rá: “Nuair a thiocfaidh Lisias an ceannasaí anuas, tabharfaidh mé breith ar bhur gcás.”

²³ D’ordaigh sé don taoiseach céad é a chur faoi choimeád ach cead a chinn a bheith aige agus gan aon duine dá chairde a chosc ar fhreastal a dhéanamh air.

²⁴ Faoi cheann cúpla lá tháinig Féilix agus a bhean Drúsaile in éineacht leis. Giúdach mná ba ea ise. Chuir sé fios ar Phól agus d’éist sé leis ag cur síos ar chreideamh in Íosa Críost. ²⁵ Ach nuair a thosaigh Pól ag trácht ar an bhfíréantacht agus ar an ngeanmnaíocht agus ar an mbreithiúnas atá le teacht, bhuail scanradh Féilix agus dúirt sé: “Imigh leat don dul seo, nuair a bheidh caoi agam, cuirfidh mé fios arís ort.” ²⁶ San am céanna bhí sé



ag súil go dtabharfadh Pól airgead dó. Is chuige sin a chuireadh sé fios go minic air chun bheith ag caint leis.

²⁷Nuair a bhí dhá bhliain imithe thart thóg Poircias Féastas áit Fhéilix, agus d'fhonn fabhar na nGiúdach a tharraingt air féin, d'fhág Féilix Pól i bpríosún.

Pól ag dul ar Choimirce Chéasair

25 Trí lá tar éis do Fhéastas teacht chun an chúige chuaigh sé suas ó Chéasaráia go Iarúsailéim. ²Rinne na hardsagairt agus ceannairí na nGiúdach a ngearán leis in aghaidh Phóil, ³agus d'iarr siad de ghar air go dtabharfadh sé Pól ar ais go Iarúsailéim, mar bhí luíochán á dhéanamh acu roimhe chun é a mharú ar an tslí.

⁴Ach d'fhreagair Féastas go raibh Pól faoi choimeád i gCéasaráia agus go mbeadh sé féin ag dul ar ais ann gan mhoill. ⁵“Agus,” ar seisean, “tagadh daoine údarásacha agaibh síos in éineacht liom agus má tá aon ní bunoscionn leis an duine, cúisídís é.” ⁶Tar éis dó gan thar a hocht nó a deich de laethanta a thabhairt ina measc, chuaigh sé síos go Céasaráia agus an lá dár gcionn shuigh sé ina shuí breithimh agus d'ordaigh Pól a thabhairt isteach. ⁷Nuair a tháinig sé i láthair, sheas na Giúdaigh a bhí tagtha anuas ó Iarúsailéim ina thimpeall agus thosaigh ag cur mórán cionta troma ina leith, nithe nár fhéad siad a chruthú. ⁸Dúirt Pól mar chosaint air féin: “Níl coir ar bith déanta agam in aghaidh dlí na nGiúdach ná in aghaidh an Teampaill ná in aghaidh Chéasair.”

⁹Bhí fonn ar Fhéastas gnaoi na nGiúdach a tharraingt air féin agus dúirt sé mar fhreagra ar Phóil: “An mbeifeá sásta dul suas go Iarúsailéim chun do thriail a sheasamh



ann os mo chomhairse i dtaobh na gcionta seo?”¹⁰ Ach dúirt Pól: “Táim i mo sheasamh os comhair suí breithimh Chéasair. Is ansiúd is ceart cúirt a chur orm. Níl aon éagóir déanta ar na Giúdaigh agam mar is eol duit féin go maith.¹¹ Má táim san éagóir agus má tá aon ní déanta agam a thuillfeadh an bás, nílím ag iarraidh an bás a sheachaint. Ach mura bhfuil aon bhun leis na nithe atá siad a chur i mo leith, ní féidir le duine ar bith mé a thabhairt suas dóibh. Gairmim Céasar.”¹² Ansin, tar éis dó dul chun cainte lena chomhairle, d’fhreagair Féastas agus dúirt: “Ó ghairm tú Céasar, is go Céasar a rachaidh tú.”

¹³Nuair a bhí roinnt laethanta curtha díobh acu, tháinig an rí Aigripe agus Beirnicé anuas go Céasaráia ag fáiltiú roimh Fhéastas agus thug siad mórán laethanta ann.¹⁴ Chuir Féastas scéal Phóil faoi bhráid an rí. “Tá fear anseo,” ar seisean, “a d’fhág Féilix ina dhiaidh i bpríosún.¹⁵ Fad a bhí mé in Iarúsailéim rinne na hardsagairt agus seanóirí na nGiúdach gearán liom ina thaobh agus d’iarr é a dhaoradh.¹⁶ Dúirt mé leo nach é béas na Rómhánach é aon chúisí a thabhairt suas sula ndéanfaí a chúiseoirí a thabhairt os a chomhair agus caoi a bheith aige é féin a chosaint ar an gcúiseamh.¹⁷ Tháinig siad anseo liom dá bhrí sin agus, gan aon mhoill a dhéanamh, shuigh mé fúm i mo shuí breithimh lá arna mhárach agus d’ordaigh mé an duine a thabhairt isteach.¹⁸ Ach nuair a d’éirigh lucht a chúisithe níor chuir siad ina leith aon drochchoir dá raibh coinne agam leo.¹⁹ Ní raibh acu ina choinne ach ceisteanna éigin a bhaineann lena gcreideamh féin agus le hÍosa éigin atá marbh ach a dúirt Pól atá beo.²⁰ Nuair nach raibh aon bhreith agamsa ar na cúrsaí sin a iniúchadh, d’fhiafraigh mé de ar mhaith leis dul go Iarúsailéim agus a thriail a sheasamh ann fúthu.²¹ Ach is é a d’éiligh Pól go gcuirfí faoi choimeád é nó go bhféachfadh an



t-impire a chúis. D’ordaigh mé é a choinneáil i bpríosún go dtí go gcuirfínn ag triall ar Chéasar é.”

²²Dúirt Aigripe le Féastas: “Ba mhaith liom féin an fear seo a chloisteáil.” “Cloisfidh tú amárach é,” ar seisean. ²³Lá arna mhárach tháinig Aigripe agus Beirnicé faoi lánmhustar agus ghluais siad isteach i halla na dála, agus ceannasaithe an airm agus maithe na cathrach in éineacht leo. Ar ordú ó Fhéastas tugadh Pól isteach. ²⁴Ansin labhair Féastas agus dúirt:

“A rí Aigripe agus sibhse go léir atá i láthair farainn, feiceann sibh an fear seo ar tháinig na Giúdaigh go léir ina slua chugam in Iarúsailéim agus anseo freisin agus iad ag screadach nár cheart é bheith beo a thuilleadh. ²⁵Ach fuair mé féin nach raibh aon ní déanta aige a thuillfeadh an bás. Ach de bhrí gur ghairm sé féin an t-impire, tá socair agam é a chur chuige. ²⁶Níl aon ní dearfa agam, áfach, le scríobh mar gheall air chun mo thiarna. Sin é an fáth ar thug mé chugaibh é – agus chugatsa go háirithe a rí Aigripe – i dtreo nuair a bheidh an fiosrú seo déanta go mbeidh rud éigin agam le scríobh. ²⁷Mar ba mhíreasúnta mar ghnó é, dar liom, príosúnach a sheoladh gan na cionta ina choinne a chur in iúl chomh maith.”

Pól á Chosaint Féin i Láthair Aigripe

26 Ansin dúirt Aigripe le Pól: “Tá cead cainte ar do shon féin anois agat.” Agus shín Pól a lámh amach agus thosaigh sé ar a chosaint féin mar leanas: ²“Is maith an bhail orm dar liom, a rí Aigripe, gur i do láthairse atáim do mo chosaint féin inniu ar a



bhfuil de chionta á gcur i mo leith ag na Giúdaigh,³ mar go bhfuil sáreolas agatsa ar nósanna uile na nGiúdach agus ar a gcuid conspóidí. Achainím ort dá bhrí sin éisteacht go foighneach liom.

⁴“Tá a fhios ag na Giúdaigh go léir an chuma ar chaith mise mo shaol ó m’óige, mar gur i measc mo chine féin agus in Iarúsailéim a mhair mé ó thús. ⁵Tá a fhios acu le fada, dá mba áil leo é a dhearbhuí, gur mhair mé mar Fhairisíneach riamh anall, ag cloí leis an aicme ba dhéine dár gcreideamh. ⁶Agus is mar gheall ar an dóchas atá agam leis an ngealltanas a thug Dia dár sinsir atáim ar mo thriail anseo anois. ⁷Tá an dá threibh déag againn ag adhradh go dúthrachtach de lá agus d’óiche le súil go mbainfimid amach an gealltanas sin. Is mar gheall ar an dóchas sin, a rí, atáimse do mo chiontú ag na Giúdaigh. ⁸Cén fáth gur dochreidte libhse mar scéal é go dtógann Dia na mairbh?

⁹“Bhí mé féin deimhin de tráth gurbh é mo dhualgas é gach dícheall a dhéanamh in aghaidh ainm Íosa Nazóraigh. ¹⁰Rinne mé amhlaidh in Iarúsailéim, agus is iomaí duine den phobal naofa a chuir mé faoi ghlas i bpríosún agus údarás agam chuige ó na hardsagairt, agus nuair bhídís á gcur chun báis, thugainnse mo ghuth ina gcoinne. ¹¹Agus is minic a bhínn ó shionagóg go sionagóg á gcéasadh agus ag iarraidh a thabhairt orthu Dia a mhaslú. Bhí mé chomh mór sin ar buile chucu go dtéinn ar a dtóir fiú amháin go cathracha i gcéin.

¹²“Sin é an gnó a bhí do mo thabhairt go Damaisc le cead agus le húdarás na n-ardsagart ¹³nuair a chonaic mé ar an mbóthar i lár an lae, a rí, solas ó neamh ba ghile ná an ghrian ag lonradh i mo thimpeall agus timpeall na bhfear a bhí le mo chois.

¹⁴Thiteamar go léir chun talaimh agus chuala mé an guth á rá liom sa teanga Eabhra: ‘A



Shóil, a Shóil, cad uime a bhfuil tú do mo ghéarleanúint? Goilleann sé ort a bheith ag speachaíl in aghaidh na mbrod.’ ¹⁵‘Cé thú féin, a thiarna?’ arsa mise. Agus dúirt an Tiarna: ‘Is mé Íosa atá agat á ghéarleanúint. ¹⁶Ach éirigh i do sheasamh ón talamh, mar is chuige seo a thaispeain mé mé féin duit chun go ndéanfainn seirbhíseach dom féin díot agus go mbeifeá i do fhinné agam ar a bhfuil feicthe agat díom agus ar a bhfeicfidh tú ar ball. ¹⁷Tabharfaidh mé slán tú ó do phobal féin agus ó na gintlithe mar is chucusan atáim do do chur ¹⁸chun a súile a oscailt le go n-iompóidís ón dorchadas chun an tsolais agus ó chumhacht Shátain chun Dé, ar shlí go bhfaighidís maithiúnas óna bpeacaí agus ionad i measc an phobail naomhaithe, trína greideamh ionamsa.’

¹⁹‘Dá chionn sin, a rí Aigripe, ní dharna mé neamhshuim den fhís ó neamh, ²⁰ach ag tosú dom le muintir Dhamaisce agus ina dhiaidh sin in Iarúsailéim agus ar fud dúiche Iúdáia agus i measc na ngintlithe, d’fhógair mé dóibh aithrí a dhéanamh agus casadh ar Dhia agus beart a dhéanamh de réir na haithrí. ²¹Sin é an fáth a raibh na Giúdaigh ag iarraidh mé a mharú, tar éis dóibh breith orm sa Teampall. ²²Ach le cabhair ó Dhia táim ag seasamh an fhóid go dtí an lá inniu, ag tabhairt faisnéise do bheag agus do mhór ach gan aon ní á rá agam thar an méid a dúirt na fáithe agus Maois a bhí le titim amach: ²³nár bhfoláir don Chríost fulaingt agus solas a fhógairt don phobal agus do na gintlithe trína bheith ar an gcéad duine a d’éireodh ó mhairbh.”

²⁴Bhí Pól á chosaint féin mar sin nuair a dúirt Féastas in ard a ghutha: “Tá tú as do mheabhair, a Phóil! An iomad den léann atá do do thiomáint as do mheabhair.”

²⁵D’fhreagair Pól é: “Nílím as mo mheabhair, a Fhéastas ró-oirirc,” ar seisean, “níl sa chaint atá á rá agam ach an fhírinne lom. ²⁶Tuigeann an rí na cúrsaí seo agus sin é an fáth



a bhfuilim ag labhairt go neamhbhalbh ina fhianaise. Táim cinnte de nach bhfuil aon chuid den ghnó seo ag imeacht gan fhios air mar ní i gclúid a tharla sé. ²⁷ An gcreideann tusa na fáithe, a rí Aigripe? Tá a fhios agam go gcreideann tú.”

²⁸ Dúirt Aigripe le Pól: “Is beag nach n-áitíonn tú orm a bheith i mo Chríostaí.” ²⁹ “Cibé beag mór,” arsa Pól, “go dtuga Dia duit féin agus don uile dhuine atá ag éisteacht liom inniu go mbeidh sibh mar atáimse – ach gan na slabhraí seo a bheith oraibh.”

³⁰ Ansin d'éirigh an rí agus an gobharnóir agus Beirnicé agus an mhuintir a bhí ina suí leo, ³¹ agus ar dhul amach dóibh bhí siad ag caint le chéile, á rá: “Níl aon ní déanta ag an bhfear sin a thuillfeadh bás ná braighdeanas dó.” ³² Agus dúirt Aigripe le Féastas: “D’fhéadfaí an fear sin a scaoileadh saor mura mbeadh gur ghairm sé Céasar.”

Pól ag Cur Chun Bealaigh go dtí an Róimh

27 Nuair a bhí sé beartaithe go seolfaimis chun na hIodáile, thug siad suas Pól agus roinnt eile príosúnach do thaoiseach céad darbh ainm Iúilias, de dhíorma an impire. ² Chuamar ar bord loinge in Adraimitiam, long a bhí ag triall ar chalafoirt feadh chósta na hÁise, agus chuireamar chun farraige. Bhí Arastarchos, Macadónach ó Theasaloinicé, in éineacht linn. ³ An lá dár gcionn chuamar i dtír i Síodón, agus bhí Iúilias chomh lách sin le Pól gur lig sé dó dul ag fiosrú a chairde agus iad a dhéanamh cúraim de. ⁴ Chuireamar chun siúil ón áit sin agus toisc an ghaoth a bheith inár gcoinne sheolamar ar thaobh na fothana den Chipir ⁵ agus ansin trasna na farraige amach ón tSiléis agus ó Phaimfile nó gur tháingamar i dtír i Míora i gcúige na Líce. ⁶ Fuair an taoiseach céad long



Alastráineach ansiúd a bhí ag triall ar an Iodáil, agus chuir sé sinn ar bord inti. ⁷Ba bheag an siúl a bhí fúinn ar feadh mórán laethanta, agus ba é ár ndícheall é Cníodos a bhaint amach agus nuair nach ligfeadh an ghaoth dúinn dul ar aghaidh, sheolamar linn faoi thaobh na fothana den Chréit amach ó Shalmóiné; ⁸ag coinneáil go dlúth leis an gcósta dúinn, agus ba le dua é, bhaineamar áit amach darbh ainm na Cuanta Áille, áit atá i ngar do chathair Lasáia.

⁹Bhí mórán aimsire curtha amú againn faoin am seo: bhí Lá an Troscaidh thart agus níorbh iontaoibh feasta leanúint den turas. Más ea thug Pól foláireamh dóibh ¹⁰á rá: “Feictear domsa, a fheara, go bhfuil tubaiste i ndán don turas seo agus go ndéanfar díobháil mhór ní amháin don long agus don lasta ach dúinn féin chomh maith.” ¹¹Ach ba mhó an aird a thug an taoiseach céad ar an bhfear stiúrach agus ar an gcaptaen ná ar chaint Phóil. ¹²Agus toisc nach raibh an cuan oiriúnach chun an geimhreadh a chaitheamh ann, mhol a bhformhór dul chun farraige ón áit, le súil go bhféadfaidís Féinix a shroichint agus an geimhreadh a chaitheamh ann – cuan de chuid na Créite a bhfuil a aghaidh siar ó dheas agus siar ó thuaidh.

Stoirm

¹³Nuair a d’éirigh gaoth bhog aneas, mheas siad go raibh rite leo; thóg siad an t-ancaire agus chun bealaigh leo cois cósta na Créite. ¹⁴Ach níorbh fhada gur éirigh anfa gaoithe – an ghaoth anoir aduaidh mar a ghlaotar uirthi – agus í ag séideadh ón talamh.

¹⁵Nuair a rugadh ar an long agus nárbh fhéidir a ceann a choinneáil le gaoth, ghéilleamar



agus d'imíomar le sruth. ¹⁶Ritheamar faoi scáth oileáin bhig darbh ainm Cauda agus d'éirigh linn bád na loinge a fheistiú ar éigean. ¹⁷Thóg siad ar bord é agus bhain feidhm as áiseanna chun an long a fháscadh, agus ar eagla go rithfidís isteach sa Sirtis, lig siad anuas na seolta agus d'imigh le sruth ar an gcuma sin. ¹⁸An lá dár gcionn bhí an stoirm dár ngreadadh go dona agus thosaigh siad ag caitheamh an lasta thar bord ¹⁹agus an lá ina dhiaidh sin theilig siad trealamh na loinge amach lena lámha féin. ²⁰Ar feadh mórán laethanta ní raibh grian ná réalta le feiceáil ach an t-anfa dár ngreadadh go dian agus gan súil ar bith againn go dtiocfaimis slán.

²¹Faoin am seo bhí siad tamall fada gan bia a chaitheamh agus d'éirigh Pól ina lár agus dúirt: “Dá mb’áil libh mo chomhairlese a ghlacadh, a fheara, agus gan corraí as an gCréit, ní tharlódh an dochar ná an díobháil seo daoibh. ²²Ar a shon sin impím anois oraibh misneach a bheith agaibh mar ní chaillfear duine ar bith agaibh ach an long amháin. ²³Mar anocht féin sheas le mo thaobh aingeal ón Dia ar leis mé agus a bhfuilim ag seirbhís dó, ²⁴agus dúirt sé liom: ‘Ná bíodh eagla ort, a Phóil, mar ní foláir duitse seasamh os comhair Chéasair, agus a bhfuil de dhaoine ag taisteal leat, féach, tá siad bronnta suas ort ag Dia.’ ²⁵Bíodh misneach agaibh dá bhrí sin, a fheara, mar go gcreidimse i nDia go dtitfidh gach ní amach mar a dúradh liom é, ²⁶agus go bhfuil i ndán dúinn go gcaithfear i dtír sinn in oileán éigin.”

²⁷Nuair a tháinig an ceathrú hoíche dhéag bhíomar fós ag imeacht le gaoth sa Mhuir Aidriad, ach faoi lár na hoíche bhraith na mairnéalaigh go raibh talamh ag druidim leo. ²⁸Nuair a thomhais siad an doimhneas fuair siad go raibh sé fiche féa; agus nuair a thomhais siad arís tar éis tamaill bhig eile ní raibh sé ach a cúig déag. ²⁹Agus ar eagla go



gcaithfí ar na carraigeacha sinn chuir siad ceithre ancaire amach as deireadh na loinge agus iad ag guí go ngealfadh an lá. ³⁰Bhí na mairnéalaigh ag faire ar theitheadh as an long agus scaoil siad an bád isteach san fharraige mar dhea go raibh siad chun ancairí a ligean amach as tosach na loinge. ³¹Labhair Pól leis an taoiseach céad agus leis na saighdiúirí: “Mura bhfanann siadsan ar bord,” ar seisean, “ní féidir daoibhse teacht slán.” ³²Ansin ghearr na saighdiúirí téada an bháid agus lig di titim isteach san fharraige.

³³Le breacadh an lae d’iarr Pól orthu go léir bia a chaitheamh. “Tá sibh ar bior le ceithre lá dhéag anois ar troscadh gan greim bia a chaitheamh,” ar seisean. ³⁴“Molaim daoibh dá bhrí sin bhur gcuid a chaitheamh, mar tá bhur slánú ag brath air. Mar ní chaillfear ribe gruaige as ceann aon duine agaibh.” ³⁵Tar éis na cainte sin thóg sé bollóg aráin, ghabh sé buíochas le Dia i bhfianaise chách, bhris an t-arán agus chrom ar é a ithe. ³⁶Ghlac siad go léir misneach ansin agus chaith siad béile. ³⁷Bhí dhá chéad seachtó a sé againn ar fad ar bord na loinge. ³⁸Nuair a bhí a ndóthain ite acu, thosaigh siad ag caitheamh an arbhair isteach san fharraige d’fhonn an long a éadromú.

Longbhriseadh

³⁹Nuair a gheal an lá níor aithin siad an tír ach thug siad faoi deara cuan a raibh trá ann agus chinn siad ar an long a thiomáint i dtír ann dá mb’fhéidir. ⁴⁰Más ea, scaoil siad leis na hancairí agus d’fhág iad san fharraige; lena linn sin bhog siad ceangail na stiúrach, chroch an seol mór chun na gaoithe agus thug aghaidh ar an trá. ⁴¹Ach tharla siad ar oitir



ghainimh agus chuaigh an long i dtalamh ann. Chuaigh a tosach i bhfostó go docht agus d’fhan ann gan corraí aisti fad a bhí a deireadh á réabadh ina smidiríní le fórsa na dtionta.

⁴²Chinn na saighdiúirí ar na príosúnaigh a mharú le heagla go snámhfadh aon duine acu i dtír agus éalú leis. ⁴³Ach ní cheadódh an taoiseach céad dóibh an beart seo a chur i gcrích mar gur theastaigh uaidh Pól a thabhairt slán. D’ordaigh sé don mhuintir a raibh snámh acu léim isteach san fharraige ar dtús agus dul i dtír ⁴⁴agus an chuid eile a leanúint ar chláiracha adhmaid agus ar phíosáí de bhruscar na loinge. Tharla ar an gcuma sin go ndeachaigh gach duine i dtír go slán sábháilte.

Pól i Málta

28 Nuair a bhíomar slán i dtír fuairamar amach gurbh é Málta ainm an oileáin. ²Bhí na hoileánaigh thar a bheith cineálta linn; d’fháiltigh siad romhainn uile agus las siad tine chnámh dúinn mar bhí sé ag bagairt báistí agus é fuar. ³Bhailigh Pól gabháil broсна agus nuair a chaith sé sa tine é léim nathair nimhe amach leis an teas agus ghreamaigh dá láimh. ⁴Nuair a chonaic na hoileánaigh an phiast ag sileadh óna láimh dúirt siad lena chéile: “Is dúnmharfóir an fear sin, ní foláir; bíodh gur tháinig sé slán ón bhfarraige, níl an chinniúint ag leigean a anama leis.” ⁵Chroith Pól an phiast uaidh isteach sa tine gan díth ná dochar air. ⁶Bhí coinne acu siúd go n-athadh sé nó go dtitfeadh sé marbh láithreach, ach tar éis dóibh bheith ag feitheamh agus ag faire ar feadh i bhfad agus gan aon ní as an tslí ag imeacht air, tháinig siad ar mhalairt aigne faoi agus dúirt gur dia a bhí ann.



⁷I gcomharsanacht na háite sin bhí fearann ag ceann urra an oileáin, fear darbh ainm Puiblias. D’fháiltigh seisean romhainn agus chuir cóir orainn go fial ar feadh trí lá.

⁸Tharla go raibh athair Phuiblias ina luí le fiabhras agus an dinnireacht ag cur air. Chuaigh Pól isteach á fheiceáil agus tar éis dó guí a dhéanamh ar a shon, leag sé a lámha air agus leigheas é. ⁹Ní túisce a tharla sin ná tháinig chuige gach uile dhuine eile ar an oileán a raibh éagruas orthu agus leigheasadh iad. ¹⁰Is iomaí comhartha ómóis a thug siad dúinn agus nuair a bhíomar ag imeacht chuir siad ar bord chugainn gach a raibh de dhíth orainn.

Ceann Scríbe

¹¹Tar éis trí mhí ghluaiseamar chun siúil i long Alastráineach a raibh an geimhreadh caite san oileán aici agus í faoi mheirge na Díse. ¹²Chuamar i dtír i Suracús agus thugamar trí lá ann. ¹³Rinneamar timpeall as sin go Réigió. An lá dár gcionn d’éirigh an ghaoth aneas agus i gcionn dhá lá bhaineamar amach Poiteolí. ¹⁴Fuaireamar roinnt bráithre romhainn ansiúd agus d’iarr siad orainn seachtain a thabhairt ina bhfochair. Agus thángamar chun na Róimhe mar sin. ¹⁵Nuair a chuala na bráithre ansiúd fúinn tháinig siad amach inár n-airicis go dtí Fóram Aipias agus na Trí Tábhairní. Agus nuair a chonaic Pól iad, ghabh sé buíochas le Dia agus mhúscail a mhisneach. ¹⁶Ar theacht chun na Róimhe dúinn fuair Pól cead fanacht ina lóistín féin le saighdiúir á choimeád. ¹⁷Trí lá ina dhiaidh sin ghlaigh sé chuige cinn urra na nGiúdach agus nuair a bhí siad cruinnithe labhair sé leo: “A bhráithre,” ar seisean, “cé nach ndearna mé aon ní in aghaidh ár gcine ná in aghaidh béasa ár sinsear, cuireadh i ngéibheann mé in Iarúsailéim agus tugadh suas do na



Rómhánaigh mé. ¹⁸Scrúdaigh siadsan mé agus nuair nach raibh aon chúis orm a thuillfeadh an bás, bheartaigh siad mé a scaoileadh saor. ¹⁹Ach chuir na Giúdaigh ina gcoinne agus b'éigean domsa Céasar a ghairm, agus ní hé go raibh aon ní agam le cur i leith mo chine féin. ²⁰Is é fáth gur iarr mé sibhse a fheiceáil agus labhairt libh de bhrí gur mar gheall ar dhóchas Iosrael atá an slabhra seo ormsa.”

²¹Dúirt siadsan leis: “Ní bhfuaireamarna litir ar bith i do thaobh ó Iúdáia, ná níor thug aon neach dár mbráithre a tháinig an treo drochscéal ná drochthuairisc chugainn mar gheall ort. ²²Ba mhaith linn, áfach, do thuairimí féin a chloisteáil mar níl d'eolas againn ar an aicme seo lena mbaineann tú ach go bhfuiltear ag cur ina coinne go forleathan.”

Ag Fógairt an Dea-Scéil sa Róimh

²³Shocraigh siad leis ar lá agus tháinig slua mór acu chun an lóistín chuige. Lean sé ó mhaidin go hoíche ag tabhairt fios an scéil dóibh: thug sé léiriú mion ar ríocht Dé, ag áiteamh scéal Íosa orthu as dlí Mhaois agus as na fáithe. ²⁴Chuaigh a chuid cainte ina lúf ar chuid acu ach bhí cuid eile acu nach ngéillfeadh dó. ²⁵Bhí easaontas eatarthu agus iad ag imeacht agus is é a dúirt Pól leo mar fhocal scoir: “Is maith mar a labhair an Spiorad le bhur n-aithreacha trí bhéal Íseáia fáidh nuair a dúirt sé:

²⁶‘Téigh go dtí an pobal seo agus abair seo leo:
Éistfidh sibh go deimhin ach ní thuigfidh sibh,
féachfaidh sibh go deimhin ach ní fheicfidh sibh,



²⁷ Mar tá croí an phobail seo éirithe dúr,
 agus lena gcluasa is mall a éisteann siad,
 agus dhún siad a súile,
 ar eagla go bhfeicfidís lena súile
 agus go gcloisfidís lena gcluasa
 agus go dtuigfidís lena gcroí
 agus go n-iompóidís chugamsa
 agus go leigheasfainn iad.’

²⁸“Bíodh a fhios agaibh dá bhrí sin go bhfuil an slánú seo Dé á sheoladh chuig na gintlithe. Éistfidh siadsan leis.” (²⁹Nuair a bhí an méid sin ráite aige, d’imigh na Giúdaigh uaidh amach, agus aighneas mór acu eatarthu féin.) ³⁰D’fhan sé ar feadh lán dhá bhliain sa lóistín a bhí ar cíos aige, agus gach ar tháinig ag triall air chuir sé fáilte rompu. ³¹Lean sé air ag fógairt ríocht Dé agus scéal an Tiarna Íosa Críost aige á theagasc go lánoscailte agus gan bac ar bith air.

